# Plean Chósta Chonamara agus Oileáin Árann

## um Eispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt



Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

## PLEAN CHÓSTA CHONAMARA AGUS OILEÁIN ÁRANN UM EISPÉIREAS CUARTAÍOCHTA A FHORBAIRT

**Fís :** An séasúr a shíneadh agus cuairteoirí a mhealadh chun blaiseadh a fháil de chroí agus scéal Chósta Chonamara & Oileáin Árann, gan timpeallacht ná cultúr an réigiúin a chur i mbaol

**SPRIOCMHARGAÍ:**
Taistealaithe atá Fiosrach faoi Chúrsaí Cultúir
Lucht An Éalaithe Mhóir

**GEALLTANAS AN CHINN SCRÍBE:**
Mothaigh an ghaoth agus sprae na farraige, éist le glao an fhiántais, déan an "áilleacht fhiáin" agus meon neamhshrianta na nGael a bhlaiseadh – agus géill don spreagadh.

**TÉAMAÍ :**
Fiántas, Traidisiún & Nuálaíocht
Cuaisíní & Oileáin
Neart & Ceannairc
Conamara & Oileáin Árann ina Spreagadh

**EISPÉIRIS :**
1. Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac chugat iad!
2. Eachtraí Iontacha a Aimsiú
3. Bí ar Bharr na dTonn
4. Oileáin Cloiche
5. Suaimhneas agus Tearmann
6. An Saol ar an Imeall
7. Fealltóirí & Réabhlóidithe
8. Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh
9. Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
10. An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona

Ó Chuan na Gaillimhe go dtí an Caoláire Rua, Oileáin Árann agus Inis Bó Finne i gContae na Gaillimhe, tá Cósta Chonamara ag croílár Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is réigiún lán le contrárachtaí é – is léiriú ar chroí Shlí an Atlantaigh Fhiáin na Beanna Beola atá mar chúlra ann agus an coimpléasc portaigh fairsing, an iliomad leithinsí agus cuaisíní, agus na hoileáin uathúla, gach ceann acu ar maos sa seanchultúr agus seantraidisiún Gaelach atá tar éis scríbhneoirí, ealaíontóirí agus ceoltóirí a spreagadh le céadta anuas.
Tá clú agus cáil ar an gCósta agus ar na hOileáin as scéalta agus béaloideas a léiríonn buanna uathúla an tírdhreacha, seasmhacht agus beocht shaol an chósta agus na n-oileán, agus an tslí a raibh an ceantar seo ina spreagadh ealaíonta leis na céadta bliain. Faoi láthair, tá deis ann bealaí nua a aimsiú chun an cúlra seo a choinneáil mar spreagadh do chuairteoirí - fuinneamh nua a chothú iontu siúd atá ag lorg naisc dhílis le cultúr áitiúil na hÉireann agus leis an nGaeilge, luach a gcuid saothar a thabhairt do lucht na haigne machnamhaí agus dúshlán a thabhairt dóibh siúd atá ar thóir na heachtraíochta.
Is iad na scéalta agus na téamaí cinn scríbe atá mar bhonn ag na heispéiris a leagtar amach sa Phlean seo. Sníomhann siad le chéile Eispéireas Cuairteoirí chuig Cósta Chonamara agus Oileáin Árann, cuireann siad le doimhneacht na ngníomhaíochtaí atá ann faoi láthair, tugann siad deis do chuairteoirí nasc maoithneach a chothú leis an áit, agus cintíonn siad go bhfanann an ceantar i mbuanchuimhne gach cuairteora. Ceaptar an Plean seo chun oibritheoirí agus eagraíochtaí uile a bhaineann leis an turasóireacht a ghríosú chun an t-eispéireas a threisiú agus a fheabhsú trí bheith ar aon dul leis na scéalta agus téamaí seo.
Tá an bhéim á cur ar luach na turasóireachta ar an ngeilleagar áitiúil a neartú. Chun an Plean a bheith éifeachtach, aithníonn Fáilte Éireann a bhfuil ardspéis acu i ngach a bhfuil ar fáil ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin – Cuairteoirí atá Fiosrach faoi Chúrsaí Chultúir agus Lucht an Éalaithe Mhóir.

| CUAIRTEOIRÍ ATÁ FIOSRACH FAOI CHULTÚR | LUCHT AN ÉALAITHE MHÓIR |
|---|---|
| • Is mian leo foghlaim faoi chultúr, nósanna agus traidisiúin na hÉireann<br>• Bíonn eispéiris iontaofa áitiúla á lorg acu<br>• Bíonn suim acu i mbeochan na staire, trí scéalaíocht agus athachtú<br>• Teastaíonn uathu dul ar chúl éaga – de shiúil na gcos nó ar rothar go speisialta<br>• Teastaíonn uathu dul ar chúl éaga – de shiúil na gcos nó ar rothar go speisialta<br>• Bíonn bia áitiúil ardchaighdeáin, úr agus dea-ullmhaithe á lorg acu<br>• Teastaíonn uathu dearcadh an té atá ar an taobh istigh a fháil trí scéalta áitiúla a chloisteáil | • Mothaíonn siad nasc leis an dúlra – taistilíonn siad san fhómhar agus/nó san earrach nuair a bhíonn athrú mór ag teacht ar an dúlra<br>• Bíonn luach ar airgead á lorg acu<br>• Saoirí turasóireachta faoin tuath a bhíonn uathu, le seans mór taithí a fháil ar ghnáthphobail áitiúla agus gníomhaíochtaí<br>• Is maith leo bualadh le muintir na háite chun foghlaim faoin dóigh Éireannach<br>• Gan mórán suime i ndéantáin chultúrtha fhoirmiúla e.g. iarsmalanna<br>• Bíonn eispéiris tuaithe is cathrach á lorg acu, agus ní bhíonn suim acu sna háiteanna is mó atá dírithe ar an turasóireacht sna cathracha |

Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine a thagann ar cuairt chuig Cósta Chonamara agus Oileáin Árann, rud a chuireann brú mór ar áiteanna áirithe ach a fhágann sé go mbraitheann ceantair eile go bhfuil siad á bhfágáil chun deiridh. Cé go bhfuil sé deacair teacht ar shonraí cainníochtúla faoin réigiún, tugann aiseolas ó ghnóthais le fios gurbh é 2016 an séasúr is fearr dá raibh riamh ann agus méadú tar éis teacht ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn agus go Contae na Gaillimhe go ginearálta. Agus breathnú á dhéanamh ar chúrsaí mar atá faoi láthair, is féidir roinnt dúshlán a chuireann bac ar an bhfás agus roinnt deiseanna is féidir a úsáid chun tairbhe a aithint.

| DÚSHLÁIN | DEISEANNA |
|---|---|
| • An tuiscint atá ann ar dheighiltí tíreolaíocha laistigh den réigiún<br>• Easpa feasachta san earnáil i leith na n-eispéireas atá ar an bhfód cheana féin<br>• Comhoibriú teoranta agus atreoraithe tras-chinn scríbe<br>• Easpa feasachta go ginearálta i measc cuairteoirí go bhfuil an tírdhreach faoi chosaint nó go mbaineann tréithe eolaíocha leis<br>• Coimhlint atá ag dul i méid idir ómós áite agus an olltur-asóireacht<br>• Áiseanna teoranta 'fáiltithe' / báistí<br>• Cóiríocht theoranta in áiteanna<br>• Meastar go bhfuil fadhbanna ann ó thaobh táirgí a fhorbairt | • Éagsúlacht tírdhreacha agus 'áilleacht fhiáin'<br>• Traidisiúin láidre sna healaíona liteartha agus sa cheol<br>• Neart an chultúir Ghaelaigh<br>• An teanga bheo is sine san Eoraip<br>• Gnéithe aitheanta a chuireann le feasacht idirnáisiúnta branda<br>• Na daoine – an fháilte, an fáilteachas oscailte, an scéalaíocht<br>• Cáilíocht na ngníomhaíochtaí faoin aer<br>• Eispéiris ar ionaid saoire ardchaighdeáin<br>• Deiseanna maidir le conairí téamúla<br>• Tiomantas réimse leathan gníomhaireachtaí chun bheith ag comhoibriú le chéile |

Is trí chomhpháirtíochtaí láidre a chothú, trí eispéiris iontacha a sholáthar agus trí bhéim a chur ar an scéal a scaipeadh chuig cuairteoirí a rachaidh Cósta Chonamara agus Oileáin Árann chun cinn. Tríothu siúd ar fad, spreagfar cuairteoirí teacht ann as séasúr, fanacht ann ar feadh tréimhsí níos faide agus taitneamh a bhaint as croí agus anam an stráice seo de chósta na hÉireann.

Chuige sin, aithnítear deich dTionscnamh Spreagthacha, chomh maith le réimse moltaí tacaíochta agus Cumasóirí Ratha. Is iad an trádáil féin agus Gréasáin Turasóireachta Chósta Chonamara agus Oileáin Árann go príomha atá freagrach as an bPlean um Eispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt a chur i bhfeidhm. Ní mór don trádáil glacadh leis na scéalta, nascadh le táirgí eile chun Mór-Eispéiris a chruthú, agus a scéalta a insint le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann, a dhéanfaidh na scéalta céanna a roinnt leis an saol mór. Ní ráthaíonn an Plean seo maoiniú amach anseo, agus ceaptar é ar mhaithe le gnóthais a ghríosú chun a bheith réamhghníomhach i leith eispéireas uathúil a chruthú.

Beidh rath an Phlean ag brath ar thacaíocht Chomhairle Contae na Gaillimhe, agus ar pháirtithe forbartha tionscail amhail FORUM Connemara Teo., Údarás na Gaeltachta agus Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, a bheith páirteach ann.

## TIONSCNAIMH SPREAGTHACHA:

1. A indéanta atá sé a fhiosrú tabhairt faoi thionscadail fhéideartha do Pháirc Náisiúnta Chonamara ar aon dul le Creat Léirmhínithe na bPáirceanna Náisiúnta chun barr feabhais a chur ar eispéireas cuairte-oirí agus chun cuairteanna idir an t-idirshéasúr agus an seachshéasúr a threisiú.
2. A indéanta atá sé a fhiosrú conairí nua siúil agus rothaíochta lúibe cósta agus intíre a fhorbairt agus na conairí seo a chur chun cinn mar chuid de líonra.
3. A indéanta atá sé a fhiosrú Mol Eachtraíochta an Líonáin-Fhiord an Chaoláire Rua a bhunú.
4. Glasbhealach Chonamara a chur i gcrích agus a indéanta atá sé a fhiosrú deiseanna a bhaineann leis an nGlasbhealach a ghiaráil.
5. A indéanta atá sé a fhiosrú líonra Ghormbhealach Chósta Chonamara a chur chun cinn agus a fhairsingiú.
6. A indéanta atá sé a fhiosrú saoráidí turasóireachta ag céanna/calafoirt a sholáthar agus/nó a fheabhsú, e.g. ar Inis Oírr, Inis Meáin agus ar Inis Mór, lena n-áirítear saoráidí ar na hoileáin maidir le treoir/eolas, leithris agus foscadh.
7. A indéanta atá sé a fhiosrú Conair Ghorta Mór an Chaoláire Rua a fhor-bairt go ndéanfar siúlóid lúibe ainmnithe di trí chomhoibriú le húinéirí talún ábhartha.
8. A indéanta atá sé a fhiosrú Conair Eispéireasach Ghaelach a chruthú.
9. A indéanta atá sé a fhiosrú líonra d'ionaid oidhreachta cultúrtha a bhunú ar fud Chonamara agus Oileáin Árann agus meicníochtaí nua a bhunú chun tacú le hionaid reatha.
10. Tacú le féilte reatha bia agus féilte nua nuálacha a chruthú.

**Nóta:** Maidir leis na tionscadail thuasluaite, rachfar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara iomchuí nuair a chuirfear ar aghaidh iad chuig céim na féidearthachta.

## CUMASÓIRÍ RATHA

Sraith de ghníomhaíochtaí a bhaineann le:

1. Comheagar agus comhoibriú
2. Feasacht an chuairteora a fheabhsú maidir le heispéiris Chósta Chonamara agus Oileáin Árann
3. An ceann scríbe a bheochan trí fhéilte agus imeachtaí
4. Muinín a spreagadh agus a chothú maidir le scéalta a chomhroinnt
5. An bonneagar cuartaíochta a bhainistiú ar bhealach a chuirfidh feabhas ar an eispéireas cuartaíochta
6. Turasóireacht fhreagrach, agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na cuartaíochta

# TABLE OF CONTENTS CLÁR ÁBHAIR

*Réamhrá* 3

**1. AN CUSTAIMÉIR A THUISCINT** **10**
*Cé atá ag teacht anois?* 11
*Cad é a spreagann a bpátrúin taistil?* 12
**2.CREAT MAIDIR LE HEISPÉIREAS A FHORBAIRT** **13**
*Cad atá i gceist le hEispéireas a Fhorbairt?* 14
*Eispéiris in Éirinn* 15
*Slí an Atlantaigh Fhiáin* 16
**3. CÓSTA CHONAMARA AGUS OILEÁIN ÁRANN – TÉAMAÍ CINN SCRÍBE** **17**
*Scéal Chósta Chonamara agus Oileáin Árann* 18
*Téamaí & Eispéiris* 19

**4. ACHOIMRE AR EISPÉIREAS SA CHEANTAR** **24**

**5.EISPÉIRIS A CHUR AR FÁIL** **33**
*An Bealach Chun Cinn* 34
*Moltaí* 35
*Cumasóirí Ratha* 45
*Tomhais Ratha* 51

**6. AGUISÍN** **52**



**Séanadh**
Foireann tionscnaimh de Team Tourism agus Rethink Tourism a d'ullmhaigh an Plean seo a leanas maidir le hEispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt, thar ceann Fáilte Éireann . (Áirítear EarthCheck Pty Ltd agus Boland Marketing san fhoireann mhór). Aon léiriú, ráiteas, tuairim nó comhairle a chuirtear in iúl nó a thugtar le fios sa doiciméad seo, is de mheon macánta a dhéantar é ach ar an mbonn nach mbeadh an fhoireann tionscnaimh faoi dhliteanas (is cuma neamart, neamh-aire nó eile a bheith mar chúis leis) d'aon duine as damáiste nó caillteanas ar bith a tharla, nó a d'fhéadfadh tarlú, mar thoradh ar bheart a bheith déanta nó gan a bheith déanta (de réir an cháis) ag an duine sin i leith aon léirithe, ráitis nó comhairle dá dtagraítear sa doiciméad seo.

Foinsíodh cuid de na híomhánna ó Stór Ábhair Fháilte Éireann, a bhuí sin le Terry O'Toole. Is leis an údar an chuid eile díobh.


**Ó Chuan na Gaillimhe go dtí an Caoláire Rua, Oileáin Árann agus Inis Bó Finne i gContae na Gaillimhe, tá Cósta Chonamara ag croílár Shlí an Atlantaigh Fhiáin.** Is réigiún lán le contrárachtaí é – is léiriú ar chroí Shlí an Atlantaigh Fhiáin na Beanna Beola atá mar chúlra ann agus an coimpléasc portaigh fairsing, an iliomad leithinsí agus cuaisíní, agus na hoileáin uathúil gach ceann acu ar maos sa seanchultúr agus seantraidisiún Gaelach agus atá tar éis scríbhneoirí, ealaíontóirí agus ceoltóirí a spreagadh le céadta anuas.

Ar an aimsir seo, tá deis ann do ghnóthais turasóireachta eispéiris chumhachtacha a chruthú agus a chur ar fáil a spreagfaidh cuairteoir ar bith atá tar éis teacht chun an tírdhreach ársa seo agus a thraidisiúin ealaíonta a bhlaiseadh, eispéiris a thabharfaidh a dhúshlán dó agus a chothóidh fuinneamh nua ann freisin. An stráice seo den chósta atá aitheanta le fada mar an tseoid is luachmhaire dá bhfuil in Éirinn na tréithe, is léiriú é ar na tréithe 'gan cháim' ata á lorg ag an gcuairteoir. Is cuma an eachtraíocht, nó bia agus fáilteachas a bheith mar ghnó ag oibritheoir, nó an bhéim a bheith ar chultúr comhaimseartha agus stair an cheantair a bheochan, cuireann an Plean seo um Eispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt creat ar fáil chun cabhrú le hearnáil na turasóireachta eispéiris a fhorbairt a dhéanann buanna agus buntréithe uathúla an cheantair a cheiliúradh. Neartóidh sé sin suíomh Chósta Chonamara agus Oileáin Árann ar an margadh idirnáisiúnta, agus méadóidh sé mealltacht an cheantair i gcás dheighleoga an spriocmhargaidh thar lear.

**Réigiún Chonamara agus Oileáin Árann**



**Foinse:** Google Maps



Is Grúpa Oibre tionscnaimh a threoraigh an Plean seo, agus rinne Fáilte Éireann é a ullmhú i gcomhréir lena Threoirlínte do Phleananna um Eispéireas a Fhorbairt, treoirlínte atá bunaithe ar chur chuige an dea-chleachtais maidir le comhoibriú, taighde, pleanáil agus gníomhachtú. Scríobhtar é chun cabhrú le gnóthais agus páirtithe leasmhara turasóireachta, agus chun iad a ghríosú freisin, chun eispéiris cuartaíochta nua a chur ar fáil agus feabhas a chur ar na cinn atá ann cheana féin.

## AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ AN PHLEAN UM EISPÉIRIS A FHORBAIRT

Is iad príomhchuspóirí Phlean Chonamara agus Oileáin Árann um Eispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt ná eispéiris iontacha a chothú sa stráice seo de Shlí an Atlantaigh Fhiáin:

- A spreagfaidh cuairteoirí chun **fanacht ann níos faide agus níos mó airgid a chaitheamh ann;**
- **A shíneoidh fad an séasúir;**
- A dhéanfaidh branda agus spriocmhargaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin a ailíniú;
- A chuirfidh **coincheap an taistil mhall** chun cinn;
- A dhéanfaidh cruthú fostaíochta a choinneáil agus a mhéadú sa cheantar áitiúil; agus
- A chosnóidh nádúr speisialta an réigiúin ó thaobh timpeallachta, cultúir agus teanga.

Mar chuid den phlean, tugtar na moltaí atá riachtanach chun eispéireas cuartaíochta a aithnítear go hidirnáisiúnta a chruthú.

Chomh maith leis na cuspóirí seo, tá sé mar aidhm ag an bPlean um Eispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt :

- **Comhpháirtithe áitiúla agus gnóthais a ghríosú agus a tharraingt isteach;**
- **Teagmháil le gnóthais** a choinneáil ar siúl tar éis shaolré an tionscnaimh; agus
- Naisc bhuan a chothú idir comhpháirtithe náisiúnta agus réigiúnacha agus eispéiris na turasóireachta áitiúil.


Ní amháin gur ceart d'aon Phlean um Eispéireas Cuartaíochta a Fhorbairt a chur i gcomhréir le branda agus spriocmhargaí Slí an Atlantaigh Fhiáin, ach is ceart go bhféachann sé le dul i ngleic le bundúshláin an cheantair agus le bealaí nua a aimsiú chun cur le deiseanna nua.

| DÚSHLÁIN | DEISEANNA |
|---|---|
| • An scoilt thuaidh-theas a bhraitear a bheith i dtionscal na turasóireachta i gConamara, agus an scoilt den saghas céanna idir an mhíntír agus Oileáin Árann<br>• Easpa feasachta san earnáil i leith na n-eispéiris atá ar an bhfód cheana féin ar fud an chinn scríbe agus úsáid/tuiscint theoranta maidir le mórscéalta<br>• Comhoibriú teoranta agus atreoraithe tras-chinn scríbe<br>• Easpa feasachta go ginearálta i measc cuairteoirí go bhfuil an tírdhreach faoi chosaint nó go mbaineann tréithe eolaíocha leis<br>• Coimhlint atá ag dul i méid idir ómós áite agus an ollturasóireacht ar Inis Oírr agus ar Inis Mór – rud a d'fhéadfadh cur isteach ar inbhuanaitheacht<br>• Áiseanna teoranta 'fáiltithe' / báistí ar Oileáin Árann:<br>• Cóiríocht theoranta i gConamara Theas<br>• Meastar go bhfuil fadhbanna ó thaobh táirgí a fhorbairt i leith cúrsaí pleanála | • Éagsúlacht tírdhreacha agus 'áilleacht fhiáin'(Oscar Wilde)<br>• Traidisiúin láidre sna healaíona liteartha agus sa cheol – gaol suntasach le daoine cáiliúla<br>• Neart an chultúir Ghaelaigh – teanga, litríocht, amhráin, rince<br>• Gnéithe aitheanta a chuireann le feasacht idirnáisiúnta branda – capaillín Chonamara, Húicéirí na Gaillimhe, an geansaí Árannach<br>• Na daoine – an fháilte, an fáilteachas oscailte, an scéalaíocht<br>• Cáilíocht na ngníomhaíochtaí faoin aer – éileamh méadaitheach ar eachtraíocht<br>• Eispéiris ar ionaid saoire ardchaighdeáin<br>• Naisc scannánaíochta – e.g. The Quiet Man<br>• Deiseanna dul ar chonairí téamúla – scríbhneoirí, teanga, sléibhte, litríocht, ealaín<br>• An dúrud bunscéalta<br>• Tiomantas réimse leathan gníomhaireachtaí comhoibriú le chéile |





## CEANTAIR CHÓSTA CHONAMARA AGUS OILEÁIN ÁRANN



## CUSPÓIR & RAON AN PHLEAN

Is tábhachtach a thuiscint go hiomlán gurb é cuspóir an Phlean scéalta agus téamaí cinn scríbe Chósta Chonamara agus Oileáin Árann a aithint agus a thabhairt chun cinn ar mhaithe le feabhas a chur ar luach na turasóireachta don phobal áitiúil.

Ní cleachtadh féidearthachta é an Plean ann féin ná treoir maidir le deiseanna agus eispéiris a chur ar fáil amach anseo.

Is é atá sa doiciméad seo ná pointe tosaithe comheagraithe d'úinéirí nó páirtithe leasmhara an Phlean seo chun measúnú breise a dhéanamh ar fhéidearthacht deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus a bheidh feidhm phraiticiúil leo chun eispéiris cuartaíochta nua a chur ar fáil sa cheantar agus chun feabhas a chur ar na cinn atá ann cheana féin.

## TIONSCNAIMH SHONRACHA

Nuair a thagraítear do thionscnamh sonrach sa Phlean seo, is ceann de na trí chás seo a leanas a bheidh i gceist:

**Cás 1:** Leagtar amach an tionscnamh mar shampla chun léiriú a dhéanamh ar conas is féidir scéal nó eispéireas a bheochan.

**Cás 2:** Tá tús curtha leis an tionscnamh cheana féin agus tá an mheasúnacht riachtanach timpeallachta curtha i gcrích

**Cás 3:** Níl aon dul chun cinn déanta leis an tionscnamh fós ach foráiltear dó i mBeartas, i Straitéisí, i bPleananna agus i gCláir Reachtúla eile arna nglacadh/arna bhfaomhadh agus atá curtha faoi leibhéil iomchuí den Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) agus/nó den Mheasúnacht Chuí (MC), de réir mar is ábhartha.

Áit a mbaineann Cás 3, ní dhéantar aon ath-léirmhíniú ar na tionscadail agus chuirtear aon sonraí leo atá sa bhreis ar na sonraí a thugtar leis na Pleananna/ Straitéisí eile.

## FEIDHMIÚ

Beidh feidhmiú an Plean seo i gcomhréir le forálacha a leagtar amach sna Beartais, sna Straitéisí, sna Pleananna agus sna Cláir Reachtúla ar fad arna nglacadh/arna bhfaomhadh agus a bhfuil tionchar díreach acu ar an bPlean seo (e.g. Plean Forbartha Contae na Gaillimhe, 2015-2021).
Áirítear leis sin forálacha a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint agus a bhainistiú, talún a ainmnítear mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta.
Maidir le cur chun cinn na ndeiseanna arna n-aithint sa Phlean seo ag na páirtithe leasmhara iomchuí, déanfar anailís féidearthachta orthu ar dtús agus má cheaptar indéanta iad, cuirfear chun cinn iad mar thionscadail atá beartaithe, agus beidh siad faoi réir ansin ag rialacha pleanála agus ag Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) mar a cheanglaítear leis an Treoir gaolmhar.

## TÁIRGÍ AGUS EISPÉIRIS DÁ DTAGRAÍTEAR SA PHLEAN SEO

Na Mórtháirgí agus na hEispéiris Tacaíochta dá dtagraítear sa Phlean seo, níl iontu ach samplaí de tháirgí agus de dheiseanna mar sin agus ní cheaptar gur liosta eisiach atá ann. Ceaptar gur féidir le daoine eile cur leis an liosta le linn shaolré an phlean seo, rud a tharlóidh gan aon amhras.

## TURASÓIREACHT FHREAGRACH & INBHUANAITHE

Tá an turasóireacht fhreagrach agus inbhuanaithe mar bhonn ag an bPlean seo. Chuige sin, beidh rath an phlean ag brath go mór ar fheidhmiú na dtreoirphrionsabal seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht pleananna bainistíochta cuartaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-eispéiris cuartaíochta agus ar thionchar sóisialta/cultúrtha ag na bpríomhláithreacha ar bhonn áitiúil;
- A ghríosú go nglacfar le cur chuige na turasóireachta freagraí trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil;
- Gnóthais turasóireachta a ghríosú chun páirt a ghlacadh sa chlár Ná Fág Do Lorg;
- A chinntiú go mbeidh eispéiris cuartaíochta Chonamara agus Oileáin Árann ar fáil do chách, a oiread agus is féidir; agus,
- Caighdeáin íosta inbhuanaithe a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm i gcás treoraithe turais.

## RÁTHAÍOCHTAÍ & CEISTEANNA COMHSHAOIL

Ag féachaint do ráthaíochtaí agus ceisteanna comhshaoil, aithníonn an Plean seo go bhféadfaidh gá a bheith le measúnacht timpeallachta i gcás cineálacha áirithe deiseanna todhchaí a mheasfar a bheith féideartha do Chósta Chonamara agus Oileáin Árann. Is é is aidhm leis an tábla ná na deiseanna sin a chur i ngrúpaí agus na hiarmhairtí timpeallachta féideartha a leathnú tuilleadh mura ndéanfar measúnacht orthu ag céim na féidearthachta agus/nó ag an gcéim pleanála.

| CINEÁL TIONSCADAIL | TIONCHAR FÉIDEARTHA AR AN TIMPEALLACHT DÁ BHARR, LENA N-ÁIRÍTEAR | RÁTHAÍOCHTAÍ TIMPEALLACHTA, LENA N-ÁIRÍTEAR |
|---|---|---|
| Ionaid léirithe & ionaid uairteoirí nuathógtha agus áiseanna gaolmhara | An ghluaiseacht tráchta ghaolmhar, páirceáil, athrú tírdhreacha, torann, acmhainn uisce & dramhuisce, éiceolaiocht. | A chinntiú go ndéanfar scagthástáil – agus measúnachtaí iomlána, más gá – i gcás MC, MTT agus/nó MST de réir mar is cuí. A chinntiú freisin go ndéanfar iarratas ar, agus go ndeonófar, aon cheadúnas atá riachtanach. |
| Áiseanna do chuairteoirí ag áiteanna múrála, céanna agus calaí. | Gluaiseacht tráchta, páirceáil, athrú tírdhreacha, acmhainn uisce & dramhuisce, torann, an talamh, éiceolaiocht chladaigh agus uisceach. | |
| Bothanna Bia ag pointí radhairc. | Gluaiseacht tráchta, páirceáil, acmhainn uisce & dramhuisce, éiceolaiocht. | |
| Comharthaí agus struchtúir léirithe nua. | Gluaiseacht tráchta, páirceáil, athrú tírdhreacha, éiceolaiocht. | |
| Siúlóidí, conairí agus lúba nuathógtha. | Gluaiseacht tráchta, páirceáil, athrú tírdhreacha, dramhaíl, éiceolaiocht, iompar frithshóisialta, sláinte & sábháilteacht. | |

Ós rud é nach bhfuil na deiseanna sin ach ag an gcéim réamhfhéidearthachta (i.e. seans nach gcuirfear i ngníomh iad) níl sé praiticiúil ná indéanta ag an bpointe seo measúnacht timpeallachta iomlán agus imleor a dhéanamh. Chomh maith leis sin, níl feidhm ag na ceanglais a bhaineann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (féach thíos) agus ní éilíonn an Plean Measúnacht Chuí, Céim 2 (féach thíos arís). Agus é sin ráite, is tábhachtach a aithint go mbeidh gá le leibhéil ábhartha agus iomchuí den mheasúnacht timpeallachta má tharlaíonn sé go measfar i leith tionscadail áirithe go bhfuil siad indéanta agus má chuirfidh na páirtithe leasmhara i ngníomh iad.

Tugtar tuilleadh eolais maidir le comhlíonadh timpeallachta an Phlean seo sna hailt seo a leanas

## MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

Tá scrúdú déanta ar an bPlean seo maidir leis an riachtanas Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a dhéanamh. Baineann ceanglais MST le pleananna agus cláir na n-údarás áitiúil, inter alia, a leagann síos creat le haghaidh toiliú don fhorbairt sa todhchaí arna liostáil in Aguisíní I agus II de chuid Threoir Eorpach 85/337/CEE. Ní chruthaíonn an Plean seo a leithéid de chreat, agus mar sin, níl feidhm ag na ceanglais a bhaineann le MST.

## MEASÚNACHT CHUÍ (MC)

Tá foirceannadh um Scagadh le haghaidh MC, a bhfuil Tuarascáil Scagaidh le haghaidh MC mar bhonn eolais leis, déanta ag Fáilte Éireann i leith an Phlean seo. Tá cinneadh déanta nach bhfuil tuilleadh MC ag teastáil toisc nach mbeidh éifeacht ar bith ag feidhmiú an Phlean seo ar shláine láithreáin Eorpacha, bíodh é sin ina aonar nó in éineacht le pleananna, cláir ná tionscadail eile.

## MAOINIÚ

Cuireann Fáilte Éireann maoiniú ar fáil le haghaidh tionscadal turasóireachta inbhuanaithe. Faoi réir dháta foilsithe an Phlean seo, níl Fáilte Éireann tar éis maoiniú a urrú i leith ceann ar bith de na tionscadail dá dtagraítear sa Phlean seo. Ní ionann tagairt ar thionscadal sa Phlean seo agus maoiniú a ráthú. Cé go gcuirtear maoiniú ar fáil le haghaidh tionscadal áirithe, ní Fáilte Éireann an forbróir. Tá sé de dhualgas ar fhorbróirí reachtaíocht ábhartha agus forálacha a leagtar amach i mBeartais, i Straitéisí, i bPleananna agus i gCláir Reachtúla, a chomhlíonadh, na cinn sin a bhaineann le cúrsaí timpeallachta agus pleanála san áireamh.

# 1 UNDERSTANDING THE CUSTOMER
## Ag Tuiscint an Chustaiméara



*Is mian le daoine eispéireas as an ngnáth a bheith acu, a dhéanann iad a thumadh in go leor bealaí ionas go mbraitheann siad bríomhar beoga spreagtha.*

- Clár Oibríochtúla Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2015-2019


# WHO IS COMING NOW? CÉ ATÁ AG TEACHT ANOIS?



**Tugann na sonraí is déanaí ó Fháilte Éireann le fios go dtagann 2.2 milliún cuairteoir go Contae na Gaillimhe (is cuairteoirí idirnáisiúnta 64% díobh sin) agus go gcaitheann cuairteoirí €669 milliún ann (cuairteoirí idirnáisiúnta a chaitheann 71% den suim sin).** Maidir leis na cuairteoirí idirnáisiúnta sin, tagann 18% díobh ón mBreatain, 46% ón Eoraip, agus 27% ó Mheiriceá Thuaidh. Is díol suntais é go gcaitheann cuairteoirí ó Mheiriceá Thuaidh 41% den mhéid iomlán a chaitheann cuairteoirí idirnáisiúnta ann.
Faoi láthair, is beag sonraí atá ar fáil a bhaineann go sonrach le Conamara ná le hOileáin Árann. Baintear leas as sonraí cuartaíochta le haghaidh Chontae na Gaillimhe ina hiomláine mar léiriú ar phátrúin cuartaíochta sa réigiún.

- **Na cúiseanna is mó** a thagann daoine chun an Iarthar (Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin) ná le haghaidh **saoire (70%)** nó chun **cuairt a thabhairt ar chairde nó ar ghaolta (20%)**
- Is **lánúineacha** iad aon trian de chuairteoirí chun an Iarthar agus taistilíonn 41% de chuairteoirí **ina n-aonar.**
- Is **cuairteoirí céaduaire** iad nach mór leath de na cuairteoirí
- Faigheann cuairteoirí a thagann go Gaillimh agus Maigh Eo a gcuid **eolais réamhthaistil** ar an idirlíon **(82%)**
- Agus iad i nGaillimh, caitheann cuairteoirí idirnáisiúnta **€351 an duine** ar an meán agus caitheann cuairteoirí Éireannacha **€217 an duine** ar an meán
- Tagann 44% de chuairteoirí idirnáisiúnta agus 35% d'Éireannaigh ar cuairt **le linn mhí Iúil, mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair**
- **62%** an scór atá ag Gaillimh agus Maigh Eo **ar Net Promoter** (tomhaiseann sé an rún chun ceann scríbe taistil a mholadh agus is léiriú é ar shástacht fhoriomlán leis an eispéireas taistil).

## NA HÁITEANNA IS MÓ TÓIR DO CHUAIRTEOIRÍ AR SAOIRE Ó ÁITEANNA THAR LEAR




**Foinse (íomhá san áireamh):**
*Fáilte Éireann, Regional Tourism Performance in 2015, October 2016*
*Fáilte Éireann, Visitor Survey, 2015*
*Fáilte Éireann, Holidaymaker Survey - Galway and Mayo, 2013*
*Fáilte Éireann, Brand Tracker Visitor Experiences, 2015*

**Ar mhaithe le sciar den mhargadh a mhéadú trí mhargaíocht éifeachtach spriocdhírithe a dhéanamh, féadfaidh sé bheith ina chabhair miontuiscint a fháil ar na rudaí a spreagann cuairteoirí teacht go hÉirinn, ní amháin miontuiscint ar a riachtanais.**

Agus na buntáistí a bhaineann le margadh domhanda na dtomhaltóirí a dheighilt á n-aithint aige, tá Fáilte Éireann tar éis tabhairt faoi thaighde suntasach le déanaí ar phríomhdheighleoga thomhaltóirí na hÉireann, lena n-áirítear a spreagthaí taistil, stíl mhaireachtála, luachanna, ábhair spéise, agus foinsí faisnéise taistil.

Tríd an taighde seo, aithnítear dhá phríomhdheighleog den mhargadh maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin – Cuairteoirí atá Fiosrach faoi Chultúr agus Lucht an Éalaithe Móir.

Taispeánann an tábla a leanas céard atá á lorg ag an dream seo ó saoire in Éireann.



**CUAIRTEOIRÍ ATÁ FIOSRACH FAOI CHULTÚR:**
déanann siad a rogha rud agus bíonn suim acu in áiteanna stairiúla agus áiteanna suimiúla ó thaobh cultúir de.

### CUAIRTEOIRÍ ATÁ FIOSRACH FAOI CHULTÚR

- Is mian leo foghlaim faoi chultúr, nósanna agus traidisiúin na hÉireann
- Ag lorg eispéiris iontaofa áitiúil
- Bíonn suim acu i mbeochan na staire, trí scéalaíocht agus athachtú
- Teastaíonn uathu dul ar chúl éaga – de shiúil na gcos nó ar rothar go minic
- Bíonn suim acu turas a thabhairt ar thírdhreacha agus muirdhreacha nádúrtha, ar bhailte beaga, ar chaisleáin, ar láithreacha ársa agus ar thithe stairiúla.
- Bíonn bia áitiúil atá ar ardchaighdeán, úr agus dea-ullmhaithe á lorg acu
- Teastaíonn uathu dearcadh an té atá ar an taobh istigh a fháil trí scéalta áitiúla a chloisteáil



is mian leo éalú ón saol mór, ceangail teaghlaigh a athnuachan agus am a chaitheamh in áit álainn.

### WHAT THEY NEED?

- Daoine cairdiúla fáilteacha
- Ceann scríbe slán sábháilte
- Radharcra áille le réimse tarraingtí nádúrtha
- Neart le feiceáil, le déanamh agus le mothú
- Stair agus cultúr suimiúil
- Saol breá réidh
- Luach ar airgead

**Foinse:** Fáilte Ireland, Global Segmentation Toolkit, 2016 & 2017
Fáilte Ireland, Visitor Attitudes Survey – Main Markets, 2015

### LUCHT AN ÉALAITHE MHÓIR

- Mothaíonn siad nasc leis an dúlra – taistilíonn siad san fhómhar agus/nó san earrach nuair a bhíonn athrú mór ag teacht ar an dúlra
- Bíonn luach ar airgead á lorg acu
- Saoirí turasóireachta faoin tuath a bhíonn uathu, le seans mór taithí a fháil ar ghnáthphobail áitiúla agus gníomhaíochtaí
- Is maith leo bualadh le muintir na háite chun foghlaim faoin dóigh Éireannach
- Gan mórán suime i ndéantáin chultúrtha fhoirmiúla e.g. iarsmalanna
- Bíonn eispéiris tuaithe is cathrach á lorg acu, agus ní bhíonn suim acu sna háiteanna is mó atá dírithe ar an turasóireacht sna cathracha

# 2 AN OVERVIEW OF EXPERIENCE DEVELOPMENT


## Forléargas ar Fhorbairt Eispéiris



*Is tábhachtach an bealach a réiteach agus na cúinsí cearta a chruthú chun na mothúcháin chearta a chorraí i gcuairteoirí.*

- An Creat Náisiúnta um Eispéireas a Fhorbairt

**Chun eispéireas a fhorbairt, is riachtanach athrú ón meon traidisiúnta táirge versus praghas. Baineann sé le rudaí beaga a athraíonn an saol a chur ar fáil a spreagann cuairteoirí ní amháin chun scéal a n-eispéiris a insint do dhaoine eile, ach a chuireann fonn orthu teacht ar ais.**




**Is éard atá i bhForbairt Eispéiris ná an ealaín agus an eolaíocht a bhaineann le teachtaireacht bhuanseasmhach a sholáthar a spreagann cuairteoirí le linn a n-eispéireas taistil – agus a chuireann rud éigin ar fáil a spreagann cuairteoirí chun bheith ina n-ambasadóirí ar do cheann scríbe agus a thugann na huirlisí dóibh chun do theachtaireacht a scaipeadh.**

Tá níos mó i gceist le coincheap na forbartha eispéiris ná eispéireas taitneamhach a chur ar fáil do chuairteoirí. Chun a bheith in ann gearradh tríd an margadh comhroinnte atá ann inniu, ní mór go mbainfidh eispéiris leas as teicnící léiriúcháin a chorraíonn freagairtí dearfacha mothúchánacha i gcuairteoirí, freagairtí a chinntíonn go mbeidh siad ag maíomh as lena dteaghlach agus lena gcairde agus go dteastaíonn uathu an t-eispéireas sin a bheith acu arís agus arís eile. Trí ghnéithe uathúla díolachán nó buanna agus buaicphointí a chur i ngach eispéireas a bhaineann le ceann scríbe, ceanglóidh cuairteoirí an t-eispéireas sin leis an gceann scríbe go sonrach, agus beidh siad ina dtathantóirí ar na heispéiris sin ina dteagmháil le daoine eile.

**GEALLTANAS CINN SCRÍBE: An t-ionchas a chruthaítear i gcuairteoirí dóchúla i leith an eispéiris a bheidh rompu ag an gceann scríbe (i.e. gealltanas maidir lena bhfaighidh siad bunaithe ar a bhfuil á chur ar fáil)**

**PRÍOMHTHAIRISCINTÍ/TÉAMAÍ UILEGHABHÁLACHA: Seo iad buaicphointí an chinn scríbe - na rudaí faoi leith atá le fáil ann**

**TÉAMAÍ EISPÉIRIS AN CHINN SCRÍBE: Is léiriú ar na príomhthairiscintí na scéalta a cheanglaíonn custaiméirí leo**

**MÓRTHÁIRGÍ: Bíonn rochtain ag custaiméirí ar na heispéiris sin trí na Mórtháirgí**

**EISPÉIRIS THACAÍOCHTA: Na rudaí a dhéanann gach gnóthas chun an buaicphointe a bheochan do chuairteoirí**

**MEASCÁN D'EISPÉIRIS CHOIMHDEACHA Mar a thacaíonn an turasóireacht níos leithne leis na téamaí réigiúnacha**

## TAIRISCINT UATHÚIL DHÍOLACHÁIN NA HÉIREANN

Faoi philéir Branda Éireann tá trí phríomhthairiscint (nó branda eispéiris) a léiríonn réigiúnacha na hÉireann a mbaineann tábhacht straitéiseach leo. Is iad seo a leanas na réigiúnacha sin:

**Slí an Atlantaigh Fhiáin** – "Bain taitneamh as ceann de na bealaí cósta is fiáine, is draíochtaí agus is saibhre ar domhan ó thaobh an chultúir de. Pé áit a dtéann duine ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin beidh neart draíochta, eachtraíochta, staire agus áilleachta roimhe."

**Oirthear Ársa na hÉireann** – "Nuair a thugtar turas ar Shean-Oirthear na hÉireann is siúlóid siar é trí 5,000 bliain den stair. Ar na tailte glasa méithe seo, tá scéalta faoi theaghlaigh mhóra ag troid lena chéile ceilte taobh thiar d'ailtireacht Ghotach atá ag titim as a chéile; tá tuamaí thaibhsiúla a bhí ann roimh na pirimidí le feiceáil; agus tá áit lárnach sna scéalta iontacha seo ar fad ag ridirí, ríthe, manaigh agus Lochlannaigh.

**Baile Átha Cliath Osna Aer Úr** – "Is ionann cuairt a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath agus bolgam mór aer úr a ghlacadh. Áit a chuireann beocht ar chuairteoirí i gcónaí, tá an chathair Lochlannach seo nua-aimseartha agus stairiúil, spleodrach agus suaimhneach ag an am céanna."

## CAD IS BRANDA EISPÉIRIS ANN?

Tá *Brandaí Eispéiris na hÉireann* ag croí lár 'Bhranda Turasóireachta Éireann'. Cuireann siad beocht ann agus déanann siad cuairteoirí a spreagadh teacht go hOileán na hÉireann, trí carachtar éagsúil na tíre a shainmhíniú ar bhealach is éasca do chuairteoirí ionchasacha a thuiscint. Tugann na Brandaí Eispéiris an buntáiste iomaíoch a scarann Éire óna hiomaitheoirí.
Mar sin, caithfidh Branda Eispéiris a bheith uathúil go leor chun seasamh amach sa mhargadh idirnáisiúnta agus éileamh a spreagadh. Ní mór tairiscint shoiléir atá faoi stiúir an tomhaltóra a bheith ag gach Branda Eispéiris, rud a chinntíonn go nglacfar cur chuige seasmhach i leith eispéireas turasóireachta speisialta a aithint agus a fhorbairt laistigh de na brandaí sin. Caithfidh gach Branda Eispéiris a bheith suntasach sa mhargadh idirnáisiúnta agus é féin a idirdhealú ó Bhrandaí Eispéiris eile laistigh d'Oileán na hÉireann agus i gcinn scríbe eile.

Ní mór do Bhranda Eispéiris a bheith:

- Bunaithe ar an tomhaltóir (luachanna taistil, luachanna sóisialta, iompar)
- Spreagúil do chuairteoirí idirnáisiúnta
- De réir scála – comhdhéanta de go leor tarraingtí gaolmhara agus eispéiris tacaíochta atá le ceannach agus le rochtain – á thacú ag bonneagar iom-chuí turasóireachta
- Níos mó ná eispéireas amháin – de ghnáth, bíonn meascán d'eispéiris thacaíochta i gceist a bhíonn ina mbonn taca ag mór-eispéireas nó dhó
- Comhaontaithe ag scéal iontach – scéal a bhaineann tábhacht idirnáisiún-ta leis
- In ann aga fosaidh a mhéadú agus/nó tairbhe eacnamaíoch a chur ar aghaidh
- Bunaithe ar thairiscint, luachanna agus téama(í) atá faoi stiúir an tomhaltóra
- Faoi stiúir an mhargaidh agus tástáilte



*Baineann ceann de na tírdhreacha cósta is suntasaí ar domhan le Slí an Atlantaigh Fhiáin ar chósta thiar na hÉireann, tírdhreach ar imeall na hEorpa a mhúnlaigh fhorbairt a dhaoine, a phobal agus a lonnaíochtaí féin, agus tírdhreach a spreag teanga, litríocht, ealaín, amhránaíocht agus rince dá chuid féin freisin. Áit lán de ghnéithe nádúrtha is ea í – muirdhreacha, beatha muirí, aillte, sléibhte, gleannta, lochanna, conairí agus cosáin. Is áit í chun taitneamh a bhaint as togha an dúlra fhiáin; áit chun blaiseadh a fháil de stair agus creideamh na nGael; áit chun taitneamh a bhaint as imeachtaí, bia, deoch, ceol agus craic den chéadscoth.*

Is í Slí an Atlantaigh Fhiáin tairiscint uileghabhálach Chósta Chonamara agus Oileáin Árann agus soláthraíonn sí piléir Bhranda Éireann.

## GEALLTANAS BRANDA SHLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

*Cuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin ar Chósta Iarthar na hÉireann ar Imeall na hEorpa daoine faoi dhraíocht lena tírdhreach fiáin a mhúnlaíonn a stair bheo i gcónaí; agus meallann sí daoine lena pobail chruthaitheacha agus bríomhaire, a dhéanann a scéalta agus a gcultúr cuairteoirí a spreagadh ionas go mbíonn siad saor chun a scíth a ligean agus taitneamh a bhaint as a gcuairt, agus imíonn siad abhaile beoite, athnuaite agus le hardú meanman orthu.*

- Soláthraítear an gealltanas branda seo trí thrí théama ar leith a léiríonn gnéithe uathúla Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá rath Shlí an Atlantaigh Fhiáin mar Bhranda Eispéiris ag brath go mór ar an gealltanas branda a chur i gníomh ag gach pointe teagmhála leis an gcuairteoir. Caithfidh an gealltanas a bheith:
- **Fíor** – bunaithe ar fhíorshócmhainní iontaofa. Caithfidh na gnóthais turasóireachta a áirítear sa bhranda é a chur i ngníomh go hiomlán. Ní mór do lucht an tionscail muinín a bheith acu as an mbranda agus é a bheochan chun go gcuirfear i ngníomh dáiríre é.
- **Ábhartha** – forbartha agus an cuairteoir i gcuimhne, agus é ábalta a riachtanais agus a spreagthaí a shásamh.
- **Bainteach** – leis na Brandaí Eispéiris eile ar Oileán na hÉireann ach uathúil go leor chun seasamh amach agus é ina measc.

## AMAÍ SHLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

**Saol atá múnlaithe ag an Atlantach** –is féidir teagmháil pearsanta a bheith agat le traidisiúin agus le hÉirinn spioradálta Gaelach agus tú féin a thumadh in Éirinn na nÉireannach, áit a bhfuil na seantraidisiúin iomlán beo sa cheol, san amhránaíocht, sa rince, sa scéalaíocht, sna cluichí agus sa Ghaeilge.

**Áit a gCasann Muir agus Tír ar a chéile** – ar fhíor-imeall na hEorpa, tá cósta lán d'áilleacht fhiáin gan mhaisiú múnlaithe ag an aigéan. Is ann a bhíonn creaga mantacha, oileáin agus eibhear géar na n-aillte is airde san Eoraip á múnlú ag tonnta móra an Atlantaigh agus iad ag bualadh agus ag lascadh gan trócaire. Is cúlra iontach é le haghaidh turais ghníomhacha ar na tírdhreacha agus muirdhreacha fiáine. Bain taitneamh as a bheith amuigh san aimsir.

**Cóngas** – an mothú go bhfuil nasc ann leis na daoine agus leis an tírdhreach, go bhfuil duine mar chuid de rud éigin 'níos mó'. Ag mothú athnuaite agus bríomhar de bharr na háite, a ndaoine agus a scéil. Luach saothair as turas lán fionnachtana agus dúshláin a dhéanamh, tumtha i dtírdhreach ársa.

Má chuirtear os comhair cuairteoirí clár soiléir de Bhrandaí Eispéiris atá saintréitheach ach chomh mealltach lena chéile, is mó seans go tiocfaidh siad le haghaidh cuairte níos faide.

**Is faoi gach gnóthas ar leith atá sé dul i ngleic le téamaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus tarraint fhoriomlán an Bhranda Eispéiris a neartú.**

# 3 CÓSTA CHONAMARA AGUS OILEÁIN ÁRANN – TÉAMAÍ CINN SCRÍBE



*‘Be different or be dead. Memorable experiences are about creating value. Value is the defining factor. When there is no difference in value people buy on price alone. You can only compete on price for so long but you can compete on value forever.’*

- Pine and Gilmore, The Experience Economy, 1999

# Cósta Chonamara agus Oileáin Árann: tírdhreach neamhshaolta, lán "d'áilleacht fhiáin" agus daoine acmhainneacha oscailte a spreagann agus a chuireann faoi dhraíocht scríbhneoirí, ceoltóirí agus taistealaithe inné, inniu agus amárach ......

## CÓSTA CHONAMARA:

*Nothing can compare with the Connemara coast,...*
*The beauty of this place and the echoes deep inside,*
*Make me think we're only just a moment in time.*

Chris de Burgh

## THE ARAN ISLANDS:

*Did sea define the land or land the sea?*
*Each drew new meaning from the waves' collision.*

Seamus Heaney

Is tírdhreacha cumhachtacha iad Cósta Chonamara agus Oileáin Árann a spreag scríbhneoirí, ealaíontóirí agus ceoltóirí leis na céadta. Tugann "áilleacht fhiáin" an cheantair, arna léiriú ag Oscar Wilde, agus na tréithe neamhshaolta a bhíonn ag lonrú sa solas síor-athraitheach tarraingt mhistiúil don réigiún a oireann dá scéalta faoi sheantírdhreacha geolaíocha, faoi mhiotais agus béaloideas mara, faoi sheasmhacht, agus faoi mhórtas inspioráideach a mhuintire. De réir dealraimh, is cuid d'Éirinn í seo inar fhan cúrsaí mar a bhí leis na céadta, áit inar tharla athruithe go mall, agus áit a dtagann a traidisiúin agus spioradáltacht dúchasach le chéile go huathúil le saol nua-aimseartha na linne seo. Tá iarracht déanta ag go leor scríbhneoirí agus filí an nádúrthacht rómánsúil seo a léiriú, agus ómós doimhin á gcoinneáil acu ag an am céanna ar sheasmhacht na háite. Ní dócha go ndearna aon duine níos mó ná Tim Robinson a chaith go leor dá shaol ag nochtadh tréithe ceilte agus fíor-áilleacht an stráice seo den chósta agus na n-oileán. Agus a luath-scríbhneoireacht agus an bealach a chuaigh a thurais ar Fhínis agus ar Inis Bearachain sna hOileáin i bhfeidhm air á plé aige, scríobh sé 'I did not identify the two islands for fear of disturbing the melancholy tranquillity of two islanders, each of them virtually the sole remnant of a vanished community...'

Sa lá atá inniu ann, is mealladh mór i gcónaí do chuairteoirí nua-aimseartha iad suaimhneas na háite; na sléibhte agus an fharraige mhór taobh le taobh lena chéile, agus na seanscéalta faoi éachtaí fadó in aghaidh an chruacháis; an cultúr Gaelach agus an Ghaeilge a bheith chomh láidir sin sa Ghaeltacht is mó in Éirinn; tíreolas agus traidisiúin uathúla na n-oileán agus na gcuaisíní, lena tránna lán de ghainimh bhán agus an fharraige thurcaide; tarraingt lom agus bhunúsach Oileáin Árann, a bhfuil an chuma orthu go snoíodh as cloch iad; suaitheadh an Atlantaigh i gcoinne na n-aillte, áit ar chosain na dúnta muintir na háite leis na mílte bliain; seasmhacht na háite agus na muintire a dtáinig as saol a chaitheamh ar an imeall suntasach seo; fáilteachas oscailte agus blasanna suntasacha na talún agus na mara; agus cúlra saibhir na n-ealaíon agus an chultúir chomhaimseartha atá múnlaithe chomh maith céanna leis na cianta cairbreacha, agus is spreagadh iad seo go léir freisin do na scéalta leanúnacha faoin gcaidreamh uathúil a bhíonn ag na cuairteoirí a thagann chuig Cósta Chonamara agus Oileáin Árann.

Eachtraíocht, machnamh suaimhneach, spreagadh ealaíonta, nó naisc leis an am atá thart, cibé acu a bhíonn á lorg ag daoine, tá acmhainn ag cuairteoirí na linne seo a bheith curtha faoi dhraíocht agus a bheith athbheochta trí nasc mothúchánach a théann go croí iontu.

*Toll-bhuillí fanna*
*Ag maidí rámha,*
*Currach lán d'éisc*
*Ag teacht chun cladaigh*
*Ar ór-mhuir mhall*
*I ndeireadh lae*
*San Earrach Thiar*

*Máirtín Ó'Direáin – An Earrach Thiar'*

***Mothaigh an ghaoth agus sprae na farraige, éist le glao an fhiántais, déan an "áilleacht fhiáin" agus meon neamhshrianta na nGael a bhlaiseadh - agus géill don spreagadh.***

# PLEAN CHÓSTA CHONAMARA AGUS OILEÁIN ÁRANN

*Tírdhreach neamhshaolta, lán "d'áilleacht fhiáin" agus daoine acmhainneacha oscailte a spreagann agus a chuireann faoi dhraíocht scríbhneoirí, ceoltóirí agus taistealaithe inné, inniu agus amárach ......*

## Fiántas, Traidisiún & Nuálaíocht

Scéal geolaíoch 600 milliún bliain a thug sléibhte dúinn a bhí chomh hard leis na Himiléithe, agus bratphortach uathúil anu-as ar an topagrafaíocht 'cnoc-agus-lochán' arna fágáil ag na hoighearshruthanna. Tá an 'fiántas' seo múnlaithe ag na céadta bliain de thraidisiún ó bhaint móna go feirmeoireacht caorach, agus thug sé cúlra do na héachtaí iontacha a imríonn tionchar i gcónaí ar an saol nua-aimseartha.

### EISPÉIRIS

*Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac chugat iad!*

*Eachtraí Iontacha a Aimsiú*

## Cuaisíní & Oileáin

Tá saol cósta na gcuaisíní, na n-oileán agus na leithinse ag croí lár na Gaeltachta seo. Is saol é atá múnlaithe ag an ngeolaíocht agus ag an Aigéan Atlantach, áit a dtéann tionchar cultúrtha taistealaithe ar an gcósta chomh fada siar agus 4000 RC. An tionchar intleachtúil agus spioradálta ón Afraic Thuaidh atá le feiceáil sna hiarsmaí Críostaíochta ón ré luath-Cheilteach, na traidisiúin farraige ar a bhfuil Húicéir na Gaillimhe mar shiombail, agus aidréanailín a thagann ón eachtraíocht ar an gcósta sa lá atá inniu ann – is léiriú iad sin go léir ar an bpaisean arna spreagadh ag saol ar an imeall.

### EISPÉIRIS

*Bí ar Bharr na dTonn*

*Oileáin Cloiche*

*Suaimhneas & Tearmann*

## Neart & Ceannairc

Is scéal dochreidte é an bealach a mhaire-ann daoine anseo ar imeall an domhain. Is léir go mbaineann téamaí an nirt agus na ceannairce le roinnt mhaith gnéithe den réigiún – an éagsúlacht éiceolaíochta, scéalta ón nGorta Mór agus scéalta faoi eisimirce, an béaloideas a bhaineann le Gráinne Mhaol mar a ndearna sí Inis Bó Finne a chosaint ar longa an namhad, mar ar chuir muintir na háite i gcoinne thrúpaí Chromail, saol Phádraig Mac Piarais mar náisiúnach agus gníomhaí polaitiúil, agus scéalta na linne seo faoi chúrsaí ias-caireachta, cúrsaí feirmeoireachta agus mar a mbaintear beatha amach.

### EISPÉIRIS

*An Saol ar an Imeall*

*Fealltóirí & Réabhlóidithe*

## Conamara & Oileáin Árann ina Spreagadh

Tá an chruthaitheacht ina saintréith den réigiún seo agus is léiriú air sin an litríocht, an ealaín, an ceol agus an cheardaíocht a spreagadh anseo leis na céadta bliain. Tríd an scríbhneoireacht, trí na hamhráin agus tríd an ealaín treisítear 'áilleacht fhiáin' agus tréithe neamhshaolta an tírdhreacha. Tá an bhéim seo a chuirtear ar an léiriú ealaíonta agus ar an mbunchultúr saibhir Gaelach ina mhealladh láidir ar chuairteoirí i gcónaí – mealladh atá feabhsaithe anois agus blasanna álainn é na talún agus na mara curtha leis.

### EISPÉIRIS

*Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh*

*Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara*

*An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona*

## SLÉIBHTE, PORTAIGH & TRÁNNA – GLAC CHUGAT IAD!

*Chun taitneamh ceart a bhaint as an tírdhreach seo, ní mór dul ag fánaíocht ar na siúlóidí agus an t-aidréanailín a mhothú is tú i mbun an réimse gníomhaíochtaí eachtraíochta atá le fáil ann, fad a bhfuil an deis á glacadh tú féin a athbheochan le háilleacht iontach "fiántais" mar seo atá múnlaithe ag na céadta bliain de thraidisiún agus cultúr Gaelach.*

### MÓRTHÁIRGÍ

- Dreap Binn Ghuaire i bPáirc Náisiúnta Chonamara chun radharcanna mara álainn a fháil, nó téigh ar thuras treoraithe thart timpeall ar Lúb Ghleann Chóchan sna Beanna Beola.
- Meastar go bhfuil deis suntasach le tionscnamh Ghlasbhealach Chonamara, chun an eispéireas cuartaíochta a fheabhsú agus níos mó daoine a mhealladh go Conamara.

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Téigh ar shiúlóid lúibe cois cósta le radharcanna mara agus sléibhte amhail Lúibín Gharumna, Lúibín Mhaíros, Lúibín na Ceathrún Iarthaí ar Inis Bó Finne agus na siúlóide lúibe ar Oileáin Árann agus bain sult as na gnéithe éagsúla den chultúr Gaelach thart timpeall ort.
- Téigh ar thuras treoraithe fadlae ar thrá agus ar phortach le Connemara Wild Escapes, lena n-áirítear sealgaireacht i bPáirc Náisiúnta Chonamara.
- Breathnaigh ar mhadraí caorach ag obair ar Fheirm Chaorach an Chaoláire Rua, óna bhfuil radharc ar Fhiord an Chaoláire Rua.
- Téigh go Féile Chapaillíní Chonamara sa Chlochán agus go rás trá Iomaí.
- Tabhair cuairt ar an Ionad Caora agus Olla sa Líonán chun eolas a fháil ar stair na feirmeoireachta caorach, agus breathnaigh ar snáth agus éadach á sníomh as olann.
- Bí cruthaitheach agus déan dair/cloch phortaigh a snoí.
- Tabhair cuairt ar thránna Brait Ghoirm agus tránna Cósta Glas, amhail Trá an Dóilín agus Cill Mhuirbhigh.
- Freastail ar Seachtain an Phortaigh agus Seachtain na Mara i Leitir Fraic, féilte a bhfuil an-tóir orthu.
- Téigh ag rothaíocht ar Bhóthar na Spéire agus beidh radharcanna breá agat ar na hoileáin, ar an gcósta agus ar an bhfarraige.
- Tapaigh an deis galf a imirt ar réimse galfchúrsaí ón gcúrsa naoi bpoll, Oileáin Chonamara, go Galfchúrsa Dumhacha Craoibhe Chonamara.

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

Cuirfear béim ar an eispéireas cuartaíochta i bPáirc Náisiúnta Chonamara a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht saoráidí a chur ar fáil chun líon níos mó cuairteoirí a mhealladh le linn an tséasúir ghualainne; fiosrú a dhéanamh ar na deiseanna chun Mol Eachtraíochta a bhunú ag an Líonáin-Fiord an Chaoláire Rua; é a dhéanamh níos éasca tús siúlóidí agus bealaí siúlóide agus rothaíochta a aithint; tacaíocht a thabhairt d'eispéiris, chomh maith le hiad a fheabhsú.

## EACHTRAÍ IONTACHA A AIMSIÚ

*I lár an tírdhreacha seo a mheastar lom agus iargúlta uaireanta, tiocfaidh tú ar scéalta a léiríonn éachtaí iontacha. Cibé acu an mbaineann siad le nuálaíochtaí teicneolaíochta a bhfuil tionchar á imirt acu ar an saol nua-aimseartha i gcónaí nó dearadh ailtireachta a spreagadh ag an díograis – is suntasach tionchar na n-éachtaí sin fós.*

### MÓRTHÁIRGÍ

- Tabhair cuairt ar Mhainistir na Coille Móire agus na Garraithe Daingne Victeoiriach agus faigh amach conas mar a athraíodh an tírdhreach ó bhonn agus mar a tógadh ceann de na tithe agus garraithe is fearr in Éirinn mar thoradh ar fhís Mitchell Henry.
- Siúil ar an gclárchosán ag Pointe Sár-Radhairc Dheirgimleach agus faigh amach faoin gcéad chomhartha raidió trasatlantach a bhí ag Marconi, agus an chéad eitilt trasatlantach a bhí ag Alcock & Brown.
- Téigh ag rothaíocht nó ag siúl ar an sean-iarnród, Glasbhealach Chonamara, ón gClochán go Gaillimh agus gheobhaidh tú scéal an iarnróid (á fhorbairt faoi láthair).

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Faigh rothar ar cíos agus téigh ag rothaíocht ar Bhóthar an Phortaigh ón gClochán go Cloch na Rón, trí Phointe Sár-Radhairc Dheirgimleach (beartaithe).
- Téigh ag rothaíocht ar Ghlasbhealach Chonamara ón gClochán go dtí an Líonán, trí Pháirc Náisiúnta Chonamara & Mainistir na Coille Móire (beartaithe).

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Tá acmhainn ann an nasc idir an Clochán agus an láithreán ag Deirgimleach a neartú trí bealach rothaíochta a chur ann agus trí ealaín sráide agus ainmneacha sráide leis na téamaí Marconi, Alcock & Brown a úsáid.
- Meastar go mbaineann acmhainn shuntasach le tionscnamh Ghlasbhealach Chonamara an e-eispéireas cuartaíochta a fheabhsú agus líon mó daoine a mhealladh go Conamara. Tá deiseanna ann measúnú a dhéanamh ar an gcoincheap seo a fhorbairt tuilleadh trí, mar shampla, an Clochán a cheangal le Deirgimleach (agus Cloch na Rón) agus an Clochán a cheangal leis an Líonán, agus tríd an láithreán ag Deirgimleach fhorbairt tuilleadh e.g. an sean-Chlub Sóisialta a úsáid mar chaifé & lárionad.
- Má chruthófar conairí oidhreachta téamúla a insíonn scéal Marconi agus Alexander Nimmo, d'fhéadfadh sé cabhrú go mór lena n-éachtaí a bheochan. D'fhéadfadh téama Nimmo a nascadh le háiteanna eile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, amhail Dairbhre.

## BÍ AR BHARR NA DTONN

*Téigh ar thuras mara timpeall ar na cuaisíní agus oileáin agus tiocfaidh tú ar chastachtaí uathúla an stráice seo den chósta, an t-aon fiord amháin in Éirinn san áireamh. Lean den traidisiún agus blais den saol ar Húicéir na Gaillimhe, nó téigh síos go tóin poill chun dearcadh ar fad eile a fháil ar an saol.*

### MÓRTHÁIRGÍ

- Téigh ar aistear mara le Killary Fjord Cruises agus bain taitneamh as diúilicíní Fhiord an Chaoláire Rua is Oisrí Chonamara agus tú ar bord ...agus seans go bhfeicfidh tú deilf!
- Téigh ar thuras ar Húicéir na Gaillimhe agus téigh go tigh tabhairne áitiúil chun taitneamh a bhaint as bia áitiúil agus ceol traidisiúnta le Wild Atlantic Adventures.

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Téigh ag cadhcáil thart timpeall ar phluaiseanna an Chloiginn nó ag flaidireacht sa Spidéal.
- Bain triail as spóirt uisce – snámh fiáin, snorcláil, tumadóireacht scúba, cóstóireacht, turasanna cósta, turasanna Ghormbhealach agus siúlóidí treoraithe ar chósta/trá, áit ar féidir le cuairteoirí fáil amach faoi thimpeallacht na mara.
- Téigh go hInis Bó Finne ar an mbád farantóireachta agus breathnaigh ar dheilfeanna ar an mbealach.
- Faigh amach conas Húicéir na Gaillimhe a sheoladh ag Scoil Seoltóireachta Húicéirí na Gaillimhe.
- Téigh ar thuras curaí go hoileán tréigthe le haghaidh picnic lán de bhia áitiúil.
- Breathnaigh ar Húicéirí na Gaillimhe, Púcáin agus Gleoiteoga ag rásaíocht i gCloch na Rón, i Ros Muc agus i gCuan Chasla Lá an Regatta.
- Déan sealgaireacht ar bhia mara agus ar an gcladach ag Féile Feamainne na nOileán i Leitir Mealláin (beartaithe).

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Cuirtear an bhéim sa téama seo ar fheasacht cuairteoirí ar ghníomhaíochtaí uisce ar Chósta Chonamara agus Oileáin Árann a mhéadú, chomh maith leis na deiseanna a bhíonn acu páirt a ghlacadh iontu a mhéadú freisin. Áirítear i measc na dtosaíochtaí measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht thionscnamh an Ghormbhealaigh a chur chun cinn agus a fheabhsú, acmhainn na soláthróirí gníomhaíochtaí a mhéadú, agus féilte a chur chun cinn.

## ISLANDS OF STONE (THE ARAN ISLANDS)

*Tírdhreach do aolchloch agus carstach atá 350 milliún bliain d'aois – iarsma d'fharraigí ársa trópaiceach & réimse leathan do shaol na mara.  Tá scéal dochreidte le hinsint ag na hOileáin Árann, áit múnlaithe ag an Oighear Aois agus a chur an fharraige cruth leis, agus na trí oileáin snoíte le ballaí cloiche uathúil.*

### MÓRTHÁIRGÍ

- Tabhair cuairt ar Dhún Aonghasa álainn ar aillte Inis Mór agus mothaigh cumhacht shíoraí an Atlantaigh – déan machnamh ar an saol in 1100 RC.
- Faigh eitilt álainn ó Chósta Chonamara go dtí ceann de na hoileáin.

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Téigh ag siúl ar bhóithríní Inis Mór ar a bhfuil líon dochreidte claíocha cloiche agus is féidir éisteacht le trealamh éisteachta féinthreoraithe.
- Glac páirt i dtógáil claíocha – Féile an gCloch ar Inis Oírr.
- Faigh rothar ar cíos nó téigh ar thuras le treoraí áitiúil chun foghlaim faoin saol ar na hoileáin éagsúla agus faigh eolas ar mar a ndearnadh goirt den charraig.

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- I gcás Oileáin Árann, cuirtear an bhéim ar fhéidearthacht saoráidí cuartaíochta agus treorach a chur ar fáil; pleananna turais a fhorbairt chun an t-eispéireas cuartaíochta agus feasacht cuairteoirí ar an tairiscint a fheabhsú, traidisiúin cultúrtha a chur chun cinn, agus cuairteanna thar oíche a spreagadh; agus deiseanna teagmhála teanga a fhorbairt.

## SUAIMHNEAS & TEARMANN

*Tá suaimhneas spioradálta á chur ar fáil ag na hoileáin agus na cuaisíní agus meastar iad mar ionaid oilithreachta ó bhí an 6ú céad ann. Cibé acu an mbíonn cuairteoirí ag teacht ar thóir na naomh nó ag lorg a gcineál féin d'athbheochan agus saibhriú, is iomaí deis atá ann rompu.*

### MÓRTHÁIRGÍ

- Bíodh deireadh seachtaine spá agat in Ionad Eachtraíochta Delphi.
- Fan thar oíche ar Inis Bó Finne agus breathnaigh ar an ngrian ag dul faoi. Lig do na spéartha dorcha iontas a chur ort, agus dúisigh in am d'éirí na gréine i dtimpeallacht shuaimhneach shítheach.

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Bain taitneamh as folcadh sáile le feamainn in Óstán an Líonáin agus bíodh suathaireacht agat i Leitreach Ard.
- Féach thart ar an iomaí ionad Críostaíochta agus tobar ón ré luath-Cheilteach atá ar an gcósta agus ar na hoileáin, agus lean bealaí oilithrigh ar an Máimín agus ar Oileán Mhic Dara.
- Déan dearmad ar gach rud agus lig do scíth ar oileáin shuaimhneacha shítheacha.
- Téigh ag siúl ar Fhínis agus Muighinis, oileáin atá cóngarach do Charna.
- Caith deireadh seachtaine lán aireachta agus ióga in Ionad Nádúir sna Forbacha.

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Is iad seo a leanas na tosaíochtaí: Conamara & Oileáin Árann a neartú mar cheann scríbe a chuireann scíth agus turasóireacht na folláine ar fáil, agus an téama nua-aimseartha seo a cheangal le spioradáltacht an ama atá caite.

## AN SAOL AR AN IMEALL

*Faigh blaiseadh den sólás agus dólás, den bhaol agus de na brionglóidí a théann le saol a chaitheamh ar an imeall. Cibé acu ata i gceist – scéal an Ghorta Mhóir, éiceolaíocht an réigiúin, longbhristeacha, nó slí bheatha a bhaint amach – baineann scéal tochtmhar leis an gcuid seo den chósta agus tugann sí deis do dhaoine machnamh a dhéanamh ar a gcumas féin aghaidh a thabhairt ar dhúshlán.*

### MÓRTHÁIRGÍ

- Tabhair cuairt ar Dhún Aonghasa, dún iontach, réamhstairiúil ar imeall na haille ar Inis Mór.
- Lean lorg na ndaoine a bhí ann fadó ar Shiúlóid Ghorta Mór an Chaoláire Rua óna bhfuil radharc álainn ar Fhiord an Chaoláire Rua (beartaithe).
- Cuir Thuras Stairiúil an Ghorta Mór i bhFiord an Chaoláire Rua in áirithe i Lóiste Delphi agus faigh amach faoi thionchar an ghorta móir.

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Tabhair cuairt ar Ionad an Diaspóra agus na nEisimirceach i gCarna (á fhorbairt).
- Téigh ar thuras sealgaireachta i gCuan an Mhada nó bailigh feamainn ar Inis Mór.
- Tabhair cuairt ar Ionad Oidhreachta Árann ar Inis Mór (beartaithe) agus ar Ionad Cultúrtha Áras Éanna ar Inis Oírr chun a fháil amach faoi shaol a chaitheamh ar oileán.
- Déan machnamh ar shaol na ndaoine a tháinig slán ón Plassey, long bháite ar Inis Oírr.
- Éist le scéalta ar Inis Bó Finne faoi stoirmeacha uafásacha a bhí ann le déanaí.

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Baineann contrárachtaí suntasacha le scéal an Ghorta Mór sa cheantar seo, ó Oileáin Árann a bheith gan dúchán phrátaí ar bith go dtí an scrios a rinneadh sa Chlochán agus tragóid Ghleann Dhumha Locha. Cabhródh sé lena phróifíl a ardú dá ndéanfadh measúnú ar fhéidearthacht Siúlóid Ghorta Mór an Chaoláire Rua a uasghrádú. Is dóchúil go mbeidh Ionad an Diaspóra & na nEisimirceach (beartaithe) ina mhealladh ach ní tharlódh sin mura ndéanfar pleanáil mhaith ar an tairiscint léirmhínitheach agus mura mbeidh sé maith go leor chun é a chur chun cinn thar lear.
- Ós rud é go gcuireann scéal an tsaoil laethúil ar Oileáin Árann iontas ar go leor cuairteoirí, tá deis ann breithniú a dhéanamh ar spásanna faoi dhíon atá ar an bhfód cheana féin a athúsáid le haghaidh imeachtaí léirmhínitheacha/cultúrtha, go speisialta ar Inis Meáin, agus chun feabhas a chur ar insint an scéil sin trí fhíseáin lúbtha ardchaighdeáin a úsáid.
- Tá go leor de na téamaí deartha agus forluí a bheith mar chuid díobh agus tá deis ann scéal an bhia agus mar a ndeachaigh an flóra agus fána in oiriúint d'aeráid agus geolaíocht na háite a fhí isteach sa téama seo – e.g. cur le hobair an tionscnaimh AranLIFE.

## FEALLTÓIRÍ & RÉABHLÓIDITHE

*Cuir spéis i bhfinscéalta bríomhara an ama atá thart agus eachtraí na linne seo, a léiríonn dúthracht mhuintir na háite, a mean diongbháilte, agus a ndíograis chun a mbunluachanna agus a mbunmhianta a choinneáil. Cibé acu atá i gceist – seanbhéaloideas; scéalta 'dána' faoi Bhanphrionsa na bhFoghlaithe Mara, Gráinne Mhaol; gníomhaíochtaí sracaireachta Chlann Uí Bhriain ar Oileáin Árann ar mhaithe le bealaí long chun Cathair na Gaillimhe a chosaint; iarrachtaí chun an fód a sheasamh i gcoinne Chromail; nó scéalta níos déanaí faoi Dhónall Ó Conaill agus Pádraig Mac Piarais – tá neart scéalta ann chun an téama seo a bheochan.*

### HERO PRODUCTS

- Tabhair cuairt ar Theach an Phiarsaigh agus ar Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i gConamara chun eolas a fháil faoin laoch náisiúnach seo de chuid 1916.
- Tabhair cuairt ar Inis Bó Finne agus siúl ar Siúlóid Lúibe Chaisleán Chromail (atá teacht uirthi le lag trá – an áit dheireanach in Éirinn ar cuireadh faoi chois ag na Normannaigh (beartaithe).

### EISPÉIRIS THACAÍOCHTA

- Téigh ag siúl ar Chonair Bhaile Stairiúil an Chlocháin chun a fháil amach faoi Ollchruinniú Dhónaill Uí Chonaill maidir le hAcht an Aontais a aisghairm agus ar a bhfreastail breis agus 100,000 duine in 1843.
- Téigh ag siúl ar Chonair na Smuigléirí ag Fiord an Chaoláire Rua – (tá gá le snáithe scéil an eispéiris seo a neartú).
- Nocht na finscéalta a bhaineann leis na caisleáin i Rinn Mhaoile, sa Chlochán agus i mBun Abhann.
- Tabhair cuairt ar Dhún Formna agus ar an túrtheach daingean arna thógáil ag Clann Uí Bhriain ar Inis Oírr, agus lean an scéal faoi mar a tháinig na hoileáin chun a bheith i seilbh Chlann Uí Fhlatharta sular ionghabháil an Choróin iad.

### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Cuirtear béim sa téama seo ar an gceangal i gcuimhne cuairteoirí gur áit ar leith í Conamara agus Oileáin Árann – tír reibiliúnaigh agus laochra. Cuirtear léirmhíniú den chéad scoth ar fáil in Ionad Cuairteoirí nua Theach an Phiarsaigh agus is féidir imeachtaí breise a reáchtáil san ionad seo.
- Déan féidearthacht siúlóid lúbtha ó Dhún Chromail ar Inis Bó Finne – an áit dheireanach in Éirinn ar cuireadh faoi chois ag na Normannaigh agus áit chónaithe an fhoghlaí mara, Don Bosco, tráth.
- Cuir beocht i scéal na smuigléireachta agus méadaigh a tharraingt ar an margadh teaghlaigh.

### CULTÚR SPLEODRACH NA NGAEL A BHLAISEADH

*Cuirtear eispéireas tumthach sa chultúr Gaelach agus sa Ghaeilge ar fáil sa Ghaeltacht a dhéanann ceantar an-uathúil den áit seo. Labhraítear an Ghaeilge mórthimpeall ort agus cuireann na comharthaí bóithre i gcuimhne duit go bhfuil tú i gceantar ar leith. Cruthaíonn an ceol traidisiúnta, an amhránaíocht, an seanchas, agus an rince ar an sean-nós, a dtagtar orthu go forleathan, spontáineacht an tsaoil agus an fháilte mhór ó chroí a chuirtear romhat eispéireas ar leith duit.*

#### MÓRTHÁIRGÍ

- Tabhair cuairt ar Ionad Cultúir an Phiarsaigh agus ar Theachín an Phiarsaigh chun teacht ar eolas ar sheaimpín spreagthach seo na Gaeilge agus na litríochta.
- Foghlaim conas ciseáin a dhéanamh ag Sráidbhaile Ceardaíochta na Ceardlainne, an Spidéal; nó bain triail as ciseán a dhéanamh agus a shníomh ag Ionad Ealaíon Áras Éanna ar Inis Meáin.

#### EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Foghlaim ceol Éireannach a sheinm agus a chanadh ag Ionaid Ceoil Cuan, an Spidéal (faoi mar atá beartaithe).
- Glac páirt in imeacht 'Oícheanta Gaeilge', foghlaim rince nó amhrán ar an sean-nós, lig do scíth leis na daoine áitiúla i dteach tábhairne agus seisiún ceart le ceol agus seanchas ar bun.
- Tabhair cuairt ar Thearmann Cultúir Chnoc Suain le haghaidh Eispéireas Lae nó Cónaithe
- Tabhair aghaidh ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht.
- Tabhair cuairt ar Ionad nua Oidhreachta agus Cultúir na Gaeltachta (faoi mar atá beartaithe).
- Téigh ar thuras ar mhonarcha éadaí cniotáilte Inis Meáin (faoi mar atá beartaithe) nó féach ar gheansaí Árann á chniotáil de láimh ar Inis Mór.
- Bain taitneamh as ceol, amhráin agus rince spleodrach áitiúil ag Féile Cheoil Thraidisiúnta an Chlocháin.

#### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Deiseanna nua a sholáthar do chuairteoirí chun an Ghaeilge a fhoghlaim, páirt a ghlacadh sa chultúr, traidisiúin agus ceardaíocht Éireannach, go háirithe ar an gCósta Gaelach.

### BLASANNA SUNTASACHA NA TALÚN AGUS NA MARA

*Cé acu más uaineoil Chonamara, cáis ghabhair, diúilicíní áitiúla, bradán, oisrí nó blasanna na farraige a bhíonn i gceist, nó más grúdlanna ceirde atá ann – tá meascán mearaí blasanna ar fáil don chuairteoir i dtithe tábhairne, bialanna, ar thurais bhia, ag féilte, ar phicnicí agus díreach san áit a n-ullmhaítear na táirgí.*

#### MÓRTHÁIRGÍ

- Féach conas a dhéantar bradán áitiúil a dheatú ag Teach Deataigh Chonamara.
- Tabhair na leanaí leat chun casadh leis na meannáin ag Feirm Ghabhar Árann agus ceannaigh roinnt cáis ghabhair.
- Déan Diúilicíní an Chaoláire Rua le Marty agus uaineoil Chonamara a thriomaítear san aer a bhlaiseadh.

#### EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Blais na diúilicíní ag an Líonán agus cas le feirmeoirí diúilicíní ag Fiord an Chaoláire Rua.
- Cuir Eispéireas Oileáin agus Ghliomaigh Chaisleán Bhaile na hInse in áirithe – déan turas ar chalafort Chloch na Rón, croch potaí gliomaigh, siúil ar Inis Leacan a tréigeadh, agus féach ar na rónta agus éin na farraige.
- Tabhair aghaidh ar an Turas 'Blas Chonamara agus Camchuairt ar Thithe Tábhairne Oileáin Árann' le Connemara Wild Escapes.
- Téigh ar thuras le Turais Bhia Chonamara.
- Laethanta Eispéiris Speisialta Lóiste Delphi, e.g. 'Traidisiúin Bhia Mara agus Feirmeoireachta'.
- Téigh go dtí Féile Bhliantúil Dhiúilicíní Chonamara ag Rinn Mhaoile nó déan blasanna uathúla oileáin a bhlaiseadh ag Bia Bó Finne ar Inis Bó Finne.

#### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Déan miasa áitiúla agus aitheanta a chur chun cinn agus deiseanna breise a chur ar fáil do chuairteoirí chun torthaí áitiúla a cheannach agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhaineann le bia. Bealaí iad bia sráide, margaí áitiúla, féilte bia agus seanchas ar bhiachláir bhialainne/beáir chun an téama seo a bharrfheabhsú.
- Díriú ar chomhoibriú níos fearr agus eolas a roinnt i measc táirgeoirí bia agus oibreoirí seirbhís bhia a fhorbairt.
- Fodhlíthe a shainaithint agus imscrúdú breise a dhéanamh orthu chun bianna áitiúla ceardaí a cheadúnú.

### AN 'ÁILLEACHT FHIÁIN' SNA HEALAÍONA

*Tá ardmheas ar an gcruthaitheacht a spreag an tírdhreach seo leis na cianta. Leantar leis an tallann a shaothrú agus bíonn deiseanna uathúla ag cuairteoirí chun 'an t-ealaíontóir go smior iontu féin' a fhiosrú agus chun taitneamh a bhaint as léiriú ealaíonta iad siúd a d'fhág a rian ar an gceann scríbe.*

#### MÓRTHÁIRGÍ

- Tabhair cuairt ar Fhéile Ealaíon Bhliantúil an Chlocháin – ceann de shárimeachtaí na hÉireann.
- Lean Conair Scríbhneoirí Chonamara agus Oileáin Árann agus fiosraigh cad a spreag na sárscríbhneoirí liteartha seo (faoi mar atá beartaithe).

#### EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Téigh go dtí Féile Liteartha agus Ealaíon Inis Bó Finne.
- Suigh i Suíochán JM Synge ar Inis Meáin.
- Lean Conair Filíochta Leitir Fraic.

#### TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA EISPÉIRIS

- Leanúint ar aghaidh le bealaí nuálacha a fhiosrú chun na traidisiúin shaibhre liteartha agus ealaíon a chur chun cinn, ar nós Conair Scríbhneoirí agus cúrsaí taistil nua a bhunú a bhaineann le litríocht, grianghrafadóireacht agus ealaín.

# 4 LOCALITY EXPERIENCE SUMMARY
# Achoimre ar Eispéireas den Cheantar Áitiúil



*Nuair a chuirtear eispéireas in oiriúint chun go n-oirfidh sé go hiomlán do dhuine...ní féidir a sheachaint an duine sin a athrú.*

The Experience Economy, Leagan Cothrom le Dáta, 2011

Forbraíodh na téamaí ceann scríbe chun go rachaidh siad i gcion ar dhaoine feadh cheantar iomlán Chósta Chonamara agus Oileáin Árann. Tá na téamaí seo in ainm is na heispéiris a tharraingt le chéile agus braistint comhghreamaitheachta a bhronnadh ar an gceann scríbe. Fágann an cuairteoir le cuimhní ar féidir leo iad a thabhairt chun cuimhne gan stró ar eispéiris uathúla a dtacaíonn scéalta de théamaí láidre leo, agus braitheann sé/sí go ndearnadh 'ceangal' leis an tírdhreach, a mhuintir agus a thraid-isiúin. Taispeántar sa tábla an gaol idir téamaí agus ceantair áitiúla. Tugann na ticmharcanna níos dorcha go bhfuil an téama ar fáil níos mó i gceantar áitiúil.

| **Ceantair Áitiúla Chósta Chonamara agus Oileáin Árann** | **TÉAMAÍ CINN SCRÍBE** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Fiántas, Traidisiún agus Nuálaíocht* | | *Cuaisíní agus Oileáin* | | | *Cuaisíní agus Oileáin* | | *Spreagtha ag Cósta Chonamara agus Oileáin Árann* | | |
| | *Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac chugat iad!* | *Éachtaí Iontacha a Aimsiú* | *Bí ar Bharr na dTonn* | *Oileáin Chloiche* | *Suaimhneas agus Tearmann* | *An Saol ar an Imeall* | *Fealltóirí agus Réabhlóidithe* | *Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh* | *Blasanna Suntasa-cha na Talún agus na Mara* | *An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona* |
| An Líonán agus Delphi | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ | (✓) |
| Rinn Mhaoile agus Leitir Fraic | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Inis Bó Finne | ✓ | | ✓ | | (✓) | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| Ceantar an Chlocháin | ✓ | ✓ | | | | ✓ | (✓) | | ✓ | ✓ |
| Cloch na Rón / Baile Conaola | ✓ | ✓ | ✓ | | | (✓) | (✓) | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Cósta Gaelach | ✓ | (✓) | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Oileáin Árann | (✓) | | (✓) | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |



Tá an t-aon fhiord in Éirinn suite sa Chaoláire Rua agus síneann sé 16 km ón Atlantach chuig Eas Liath, a chruthaíonn an teorainn idir Gaillimh agus Maigh Eo agus ina bhfuil roinnt den radharc tíre is áille sa tír. Tá clú agus cáil ar an bhfiord domhain i ngeall ar na diúilicíní ar féidir teacht orthu i mbialanna atá suite i ngar dó. Tá sráidbhaile gleoite an Líonáin suite ag bun thoir an fhiord agus cuirtear roinnt féilte ar siúl ann i gcaitheamh na bliana. Tá sléibhte mórthimpeall air agus tá cáil ar an gceantar i ngeall ar ghníomhaíochtaí eachtraíochta agus imeachtaí gaolmhara ar nós Gaelforce agus an Connemarathon, anuas ar chnocadóireacht agus iascaireacht chuileoige.

## EISPÉIRIS ÁBHARTHA

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!
- Bí ar Bharr na dTonn
- Suaimhneas agus Tearmann
- An Saol ar an Imeall
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
- An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona

## MÓRTHÁIRGÍ

- Turais Mhara i bhFiord an Chaoláire Rua
- Ionad Eachtraíochta Delphi (gníomhaíochtaí eachtraíochta agus spá)
- Ionad Eachtraíochta an Chaoláire Rua
- Lóiste Delphi – Laethanta Eispéiris Speisialta, e.g. 'Traidisiúin Feamainne agus Feirmeoireachta' (dul amach ar bhád i bhFiord an Chaoláire Rua, casadh le feirmeoirí diúilicíní, cuairt a thabhairt ar fheirm chaorach agus taispeántais de bhaint mhóna/mhadraí caorach agus lón a ithe cois fiord) nó 'an Lá Stairiúil' (cuairt a thabhairt ar agus dul ar thuras timpeall shráidbhaile an ghorta mhóir) nó deiseanna a thapú chun triail a bhaint as iascaireacht chuileoige agus cnocadóireacht.
- Feirm Chaorach an Chaoláire Rua (taispeántais mhadraí caorach, lomadh caorach, baint mhóna, siúlóidí ar fheirm oibre)
- Ionad Caorach agus Olla (stair na feirmeoireachta caorach, taispeáintí beo d'olann á sní ina snáth agus á sníomh ina héadach, taispeáintí idirghníomhacha agus taispeántáin stairiúla, gníomhaíochtaí do leanaí, siopa bronntanas agus caifé)

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Gormbhealach Fhiord an Chaoláire Rua a ainmníodh le déanaí
- Iascaireacht bradáin agus bric ghil ag Delphi agus an Oirimh
- Casadh le feirmeoirí diúilicíní ag Fiord an Chaoláire Rua
- Folcadáin feamainne sáile an Líonáin
- Bialanna agus caiféanna trí úsáid a bhaint as toradh áitiúil
- Imeachtaí reatha:
  - Féile Bhia an Fhómhair, an Líonán
  - Féile Chnocadóireachta an Líonáin (siúlóidí treoraithe seandálaíochta agus geolaíochta agus turais rothar/rothar sléibhe)
  - Rásaí eachtraíochta (Gaelforce, Connemarathon)

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Mol Cnocadóireachta an Líonáin (tús siúlóidí agus bealaí cnocadóireachta)
- Bealaí cnocadóireachta ó Ionad Eachtraíochta Delphi
- Siúlóid Ghorta Mór an Chaoláire Rua (mórtháirge féideartha)
- An deis chun blas a fháil ar dhiúilicíní ó asraon ar thaobh an bhóthair
- Seirbhísí iompair phoiblí chuig an Líonán



Deirtear go bhfuil Leithinis Rinn Mhaoile ar 'an tírdhreach is áille ar domhan', agus is fusa sin a thuiscint nuair a fheictear an ghrian ag dul faoi. Tugann an leithinis an deis do chuairteoirí chun a scíth a ligean i dteach tuaithe, ar nós Theach Rinn Mhaoile agus aghaidh a thabhairt ar réimse gníomhaíochtaí, ar nós na Féile Diúilicíní. Is féidir tabhairt faoi aistir mhara agus turais slatiascaireachta farraige ó Chuan Bhaile na Cille. Gabhann Bealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin ó dheas chuig Leitir Fraic. Bhunaigh Cumann na gCarad Leitir Fraic agus is sráidbhaile beoga anois é, ina bhfuil ionad cuairteoirí Pháirc Náisiúnta Chonamara agus mol oideachais don Ghaeilge agus athchóiriú troscáin. Tá Mainistir agus Gairdíní Daingne Victeoiriacha na Coille Móire suite lastuaidh de Leitir Fraic.

## EISPÉIRIS ÁBHARTHA

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!
- Fiosraigh Saothair Éachtacha
- Bí ar Bharr na dTonn
- An Saol ar an Imeall
- Fealltóirí agus Réabhlóidithe
- Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara

## MÓRTHÁIRGÍ

- Páirc Náisiúnta Chonamara (taispeántas, seó closamhairc, clós súgartha do leanaí, conair dhúlra, limistéir picnice, capaillíní Chonamara, Siúlóid Bhinn Ghuaire)
- Mainistir agus Gairdíní Daingne Victeoiriacha na Coille Móire (turas ar an teach, siúlóidí foraoise, gairdíní daingne, seomraí tae, siopa bronntanas)

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Turais ar bhád bun gloine ó Chuan Leitir Fraic
- Gníomhaíochtaí eachtraíochta – Conamara Wild Escapes, agus Wild.
- Seisiún Rinn Mhaoile
- Scubadive West
- Ionad Ealaíon Traidisiúnta Theach Ceoil, an Tulaigh (ceol, damhsa agus amhráin Ghaelacha)
- Iascaireacht bradáin agus bric ghil ag Mainistir na Coille Móire agus Loch Eidhneach
- Imeachtaí reatha:

  - Seachtain na Farraige (féile atá ar siúl leis na blianta timpeall ar oidhreacht mhuirí Chonamara, ceol, ealaín, ceolchoirmeacha, cainteanna, siúlóidí agus gníomhaíochtaí do leanaí – is é buaicphointe an imeachta an mórshiúl 'Titim an Dorchadais' – miotas, draíocht, mire agus rírá

  - Seachtain an Phortaigh (ceol, damhsa, imeachtaí do leanaí, filíocht, siúlóidí treoraithe, gníomhaíochtaí eachtraíochta, ealaín)

  - Féile Dhiúilicíní Chonamara, Crois na Tulaí (ceiliúradh ar bhia, daoine, cultúr agus oidhreacht)

  - Féile na Soilse Oíche Shamhna

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Conair shiúil/Glasbhealach idir Páirc Náisiúnta Chonamara agus Mainistir na Coille Móire
- Foirgnimh feirme na Coille Móire (athchóiriú agus imeachtaí)
- Bus tointeála ón bPáirc Náisiúnta go dtí an Choill Mhór
- Cúrsaí Gaeilge do chuairteoirí
- Turais bháid sa Choill Mhór



Tá Inis Bó Finne, oileán na bó finne, suite 11 km amach ón gcósta, agus baintear amach é ar bhád farantóireachta ón gCloigeann. Is é an chéad oileán in Éirinn ar bronnadh gradam air i dtaobh na héiceathurasóireachta agus tearmann atá san oileán suaimhneach agus neamh-mhillte seo dóibh siúd a bhaineann aoibhneas as an tsíocháin agus suaimhneas a ghlacadh i rith an lae agus as ceol traidisiúnta, craic agus bia blasta istoíche. Tá réimse de shiúlóidí lúibe, tránna áille, coilíneacht rónta, agus spórt uisce ann, chomh maith lena ionad féin tumadóireachta, ionad eachaíochta agus ionad rothar ar cíos. Tá rud éigin ann a mheallfaidh duine ar bith. Tá clú agus cáil ar Inis Bó Finne mar áit a bhfuil saibhreas ceoil thraidisiúnta agus tugann go leor ceoltóirí cuairt air. Tá roinnt féilte ann i gcaitheamh na bliana, an Fhéile Ealaíon agus an Fhéile Shiúil i mBealtaine, agus Féile Bia Bó Finne i nDeireadh Fómhair.

## EISPÉIRIS ÁBHARTHA

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!
- Bí ar Bharr na dTonn
- Suaimhneas agus Tearmann
- An Saol ar an Imeall
- Fealltóirí agus Réabhlóidithe
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
- An ‘Áilleacht Fhiáin’ sna hEalaíona

## MÓRTHÁIRGÍ

- Siúlóid Lúibe na Ceathrún Iarthaí
- Gormbhealach (snorcláil agus cadhcáil)

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Músaem Oidhreachta Inis Bó Finne
- Ionad Eachaíochta Inis Bó Finne – falródaíocht ar chapaillíní
- Turas Staire Inis Bó Finne – Conamara Wild Escapes
- Saoirí Scríbhneoireachta agus Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha
- Ranganna Potaireachta
- Rothaíocht/siúl/éanbhreathnú (an Traonach)
- Breathnú ar choilíneacht rónta
- Ceol traidisiúnta i dtithe tábhairne áitiúla
- Cadhcáil/Seaschéaslóireacht/snámh san fhiántas/seoltóireacht
- Suíomh mainistreach Naomh Colmán
- Imeachtaí reatha:
  - Féile Shiúil Oileán Inis Bó Finne
  - Féile Ealaíon Inis Bó Finne
  - Geallta Bád Inis Bó Finne
  - Féile Bhia Bó Finne
  - Féile Liteartha Inis Bó Finne, Meitheamh

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Siúlóidí Cósta – Siúlóid Lúibe Chaisleán Chromail (d’fhéadfaí an scéal a insint gurbh í Inis Bó Finne an áit dheireanach ar gabhadh ceannas air in Éirinn), siúlóid timpeall an oileáin – poill séideáin agus stacaí farraige
- Snámh san fhiántas
- Conair bhia Inis Bó Finne a chur ar siúl ar níos mó dátaí
- D’fhéadfaí an tírdhreach réamhstairiúil a léirmhíniú – iarsmaí córais pháirce Neoiliteacha agus na Cré-umhaoise agus ciorcail bhothán cloiche; iarsmaí dúnta ceann tíre ar Dhún na hIníne agus Dún Mór.
- D’fhéadfaí béim ní ba mhó a leagan ar an téama ‘An Saol ar an Imeall’ – ó oileán ar ar chónaigh míle cónaitheoir in 1898 go hoileán a bhíonn buailte ag stoirmeacha Atlantacha go fóill  agus inar dúnadh an seanstáisiún leasaithe le déanaí.

# ACHOIMRE AR AN GCEANTAR ÁITIÚIL: CEANTAR AN CHLOCHÁIN







Ceapann go leor daoine gurb é baile stairiúil an Chlocháin 'príomhbhaile' Chonamara. Bhunaigh John D'Arcy an baile sna 1820idí agus tá cuma sórt 'aplach' ar an mbaile agus tá réimse fairsing de chóiríocht do chuairteoirí, tithe tábhairne agus bialanna agus siopaí miondíola ann. Déantar ceiliúradh ag Pointe Sár-Radhairc Dheirgimligh, atá 6 km laisteas den Chlochán, ar an gcéad teachtaireacht tráchtála thrasatlantach a tarchuireadh i 1907 ó Stáisiún Marconi chuig Bá Glace, Newfoundland, Ceanada agus an chéad eitilt thrasatlantach an 15 Meitheamh 1919 le Alcock agus Brown. Sínfidh Glasbhealach Chonamara ón gClochán go Gaillimh feadh an tseaniarnróid.
Is é an Cloigeann, atá 9 km lastuaidh den Chlochán, croílár thionscal iascaireachta mara Chonamara thuaidh agus is ann atá port an bháid farantóireachta a théann chuig Oileán Inis Bó Finne.

## EISPÉIRIS ÁBHARTHA

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac chugat Iad!
- Fiosraigh Saothair Éachtacha
- An Saol ar an Imeall
- Fealltóirí agus Réabhlóidithe
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
- An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona

## MÓRTHÁIRGÍ

- Pointe Sár-Radhairc Dheirgimligh agus an chlárchonair lúibe 5 km laistigh de choimpléasc portaigh Dheirgimligh – a insíonn scéal éachtaí Marconi chun an chéad teachtaireacht gan sreang a tharchur chuig Meiriceá Thuaidh, agus tuirlingt de thuairt Alcock agus Brown i ndiaidh dóibh an chéad eitilt thrasatlantach a dhéanamh ar domhan.
- Féile Ealaíon an Chlocháin
- Glasbhealach Chonamara (nuair a chríochnófar é)

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Bealach Scéimhe agus Pointe Radhairc Bhóthar na Spéire
- Conair Bhaile Stairiúil an Chlocháin
- Féile Cheoil Thraidisiúnta an Chlocháin
- Músaem Theach an Stáisiúin
- Iascaireacht domhainfharraige ón gCloigeann
- Ionad Staire agus Oidhreachta Chonamara/Áit Cháonaithe Dan O'Hara (teachín athchóirithe a tógadh roimh an ngorta mór ina gcuirtear taispeántas bainte móna/déanaimh aráin/aoireachta caorach/seó closamhairc ilteangach, atógáil crannóige, ráthа agus clocháin ar bun agus ina bhfuil siopa bronntanas agus bialann)
- Cadhcáil a dhéanamh sna pluaiseanna farraige ag an gCloigeann
- Ionad Eachaíochta Iorras Fhlannáin
- Toradh áitiúil á chur ar fáil i mbialanna agus caiféanna, e.g. Beár agus Bialann Oliver, an Cloigeann (crúba portán an Chloiginn)
- Bike Electric Connemara – turais ar rothar
- Féile Cheoil Thraidisiúnta an Chlocháin agus TRAD in the West
- Imeachtaí reatha:
  - Féile Shiúil an Chlocháin
  - Seó Chapaillíní Chonamara, an Clochán (rásaíocht capaillíní, seó madraí, comórtas ealaíne, rince Gaelach a bhíonn ar siúl i Lúnasa)
  - Seó Capall Iomaí
  - Oícheanta Gaelacha an Chlocháin

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Glasbhealach an Chlocháin-Dheirgimligh
- Saoráidí cuairteoirí ag Deirgimleach, caifé agus leithris ina measc
- Ionad Cultúir an Chlocháin ina bhfuil macasamhail d'eitleán Alcock agus Brown, chomh maith le stair an bhaile
- An deis a thabhairt do chuairteoirí chun ról an Chlocháin a fhiosrú i gcogadh cathartha na hÉireann
- Scéal an taistil ar iarnród



Áit ina bhfuil suaimhneas síochánta é Baile Conaola idir an Clochán agus Cloch na Rón, leithinis a shíneann amach san Atlantach a ngabhann tránna fíor-áille timpeall uirthi, ar nós Thrá an Dóilín agus Chuan Mhanainn. Tá cáil, chomh maith leis sin, ar Bhaile Conaola i dtaobh Chapaillín Chonamara agus is féidir go leor díobh a fheiceáil sna páirceanna i ngar dó.

Tá Coimpléasc Portaigh Chloch na Rón ar cheann de na limistéir mhóra fhiáine agus nádúrtha dheireanacha in Éirinn agus baineann tábhacht idirnáisiúnta éiceolaíochta agus stairiúil leis. Gabhann Bóthar an Phortaigh ón gClochán go Cloch na Rón tríd agus bealach an-oiriúnach é le haghaidh rothaíochta. Tá sráidbhaile Chloch na Rón ar cheann de na sráidbhailte iascaireachta is sine ar an gcósta thiar. Tá ann na sár-radhairc ar na Beanna Beola agus ar an aigéan, agus tá cáil air i dtaobh bia mara agus rásaí Húicéir na Gaillimhe.

## EISPÉIRIS ÁBHARTHA

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!
- Fiosraigh Saothair Éachtacha
- Bí ar Bharr na dTonn
- An Saol ar an Imeall
- Fealltóirí agus Réabhlóidithe
- Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
- An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona

## MÓRTHÁIRGÍ

- Teach Deataigh Chonamara
- Turais Húicéir na Gaillimhe le Wild Atlantach Adventures

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Siopa Ceoil agus Ceardaíochta Chloch na Rón
- Bialanna agus Caiféanna a sholáthraíonn toradh áitiúil
- Rásaí Húicéir na Gaillimhe
- Turais sealgaireachta, Cuan an Mhada
- Damhsa tuaithe – uair sa tseachtain i gcaitheamh na bliana
- Eispéireas Oileáin agus Gliomach Bhaile na hInse
- Siúlóid lúibe 5 km ar Inis Ní
- Iascaireacht domhainfharraige ó Chloch na Rón
- Imeachtaí reatha:

  - Lá Fhéile Pádraig

  - Oícheanta Gaelacha Chloch na Rón – uair sa tseachtain i rith an tsamhraidh

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Ionad Cultúir Chloch na Rón (stair an tsráidbhaile, imeachtaí, agus dánlann)
- Siúlóidí Cósta – siúlóid lúibe Chnoc Iorras Beag (ceadaítear úsáid a bhaint as faoi láthair)
- Comhráite Chloch na Rón – ag cur le leagáid Tim Robinson
- Bia traidisiúnta a chócaráil ag cistin phobail Chloch na Rón
- Cúrsaí grianghrafadóireachta/péintéireachta/scríbhneoireachta – d'fhéadfaí conair stiúideo ealaíontóirí a fhorbairt; tá deis ann chun imeachtaí nua a chruthú
- Rotharbhealach ó Chloch na Rón-Deirgimleach-an Clochán (Bóthar an Phortaigh)
- Imeachtaí i rith Sheachtain Idirnáisiúnta Ealaíon an Chlocháin
- A fhoghlaim chun bradán a fhilléadú agus a chócaráil ag Teach Deataigh Chonamara
- Eispéireas sa gheimhreadh; scéal smuigléireachta; scéal Alexander Nimmo a bhunaigh an sráidbhaile agus a d'fhorbair an bóthar iompair ó Uachtar Ard go dtí an Clochán; scéal an tionscail iascaireachta tráth dá raibh



Is é an Cósta Gaelach an ceantar beoga idir Cloch na Rón agus Bearna agus atá laisteas den N59. Laistigh den cheantar seo, inar féidir le go leor daoine a dteaghlaigh a rianú siar cúpla glúin, bíonn na seantraidisiúin fite fuaite le maireachtáil nua-aimseartha. Ó shráidbhailte scéimhe cósta, ar nós Charna agus Chill Chiaráin, trí chuaisíní agus oileán a fhad le Ceantar na nOileán – féadfaidh cuairteoirí blaiseadh a fháil ar cheann de na réigiúin Ghaeltachta is beoga ina labhraítear an Ghaeilge mar an bpríomhtheanga. Tá ceangal láidir ann le hOileáin Árann ón gcósta seo agus fágann báid farantóireachta ó Ros an Mhíl agus tá seirbhís eitleáin éadroim ar fáil ó Indreabhán. Tá sa Spidéal, atá soir uaidh seo, rogha de bhialanna maithe, siamsaíocht oíche bheoga agus tránna gainimh.

## RELEVANT EXPERIENCES

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!
- Fiosraigh Saothair Éachtacha
- Bí ar Bharr na dTonn
- Suaimhneas agus Tearmann
- An Saol ar an Imeall
- Fealltóirí agus Réabhlóidithe
- Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
- An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona

## MÓRTHÁIRGÍ

- Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara – Pearse Cultural Centre, Connemara (1916 story and literary connection)
- Cnoc Suain Cultural & Creative Retreat
- Ceardlann Craft Village and Builin Blasta Café
- Eile Mental Activity Park

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Oícheanta ceoil thraidisiúnta, damhsa, amhránaíochta agus béaloidis
- Fíodóireacht ciseáin ag Sráidbhaile Ceardaíochta 'an Cheardlann'
- Féilte traidisiúnta rásaíochta bád feadh an Chósta Ghaelaigh
- Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin
- Feirm Abalone
- Tránna Brataí Goirme
- Spórt uisce – cadhcáil, slatiascaireacht farraige / slatiascaireacht géim (an Caiseal)
- Siúlóid Lúibe Gharmna (Lúibín Gharmna) i gCeantar na nOileán agus Conair Mhaírois i gCarna
- Oileáin Fhínse nó Mhaínse i gCarna a shiúl
- Iascaireacht domhainfharraige agus siorca (an Spidéal agus Ros an Mhíl); iascaireacht bradáin agus bric ghil ag Casla/Formaoil
- Ióga agus suathaireacht
- Imeachtaí reatha: Féile Traidphicnic, an Spidéal (Iúil) - ceol, ealaíona agus cultúr
- Bearnaí san Eispéireas

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Gníomhaíochtaí/deirí seachtaine Gaeilge
- Conair scríbhneoirí/ealaíontóirí/scannán Chonamara
- Ionad Ceoil Cuan, an Spidéal (foghlaim conas ceol Gaelach a sheinm/a chanadh)
- Ionad Diaspóra agus Eisimirceach, Carna (teastaíonn léirmhíniú ardchaighdeáin uaidh seo, d'fhéadfaí mórtháirge a dhéanamh de)
- Ionad Oidhreachta agus Cultúir na Gaeltachta
- An Garraí Glas – féachaint ar na hiomairí agus do phrátaí féin a tharraingt aníos, turais threoraithe den tírdhreach stairiúil
- Imeachtaí a dhéanann ceiliúradh ar fheamainn
- Féile bhia Chill Chiaráin – oisrí agus muiríní dúchasacha – nasc a dhéanamh le Féile Mhic Dara, a bhíonn ar siúl an 16 Iúil
- Eispéiris, féilte agus/nó imeachtaí a bhaineann le hamchlár reatha féilte Traidisiúnta Rásaíochta Bád a thiteann amach i rith an tsamhraidh
- Níl dóthain úsáide á baint as ceann de na bailiúcháin is tábhachtaí de bhéaloideas san Eoraip





Tá Oileáin áille Árann – Inis Mór, Inis Meáin agus Inis Oírr suite ag béal Chuan na Gaillimhe, agus tá ceangal teanga acu le Conamara agus ceangal geolaíochta acu le Boirinn. Cé nach ionann na hoileáin i dtaobh méide agus saintréithe, cuireann muintir na dtrí oileán an fháilte chroíúil chéanna roimh dhaoine agus tá traidisiúin agus oidhreacht uathúil nádúrtha agus chultúrtha ina steillbheatha orthu go fóill. Tá réimse cóiríochta ar na hoileáin agus, mar gheall go bhfuil stair lonnaíochta acu a ghabhann siar cúpla míle bliain, ní leor lá amháin chun iomlán an taitnimh a bhaint as a gcuireann siad ar fáil. Féadfaidh cuairteoirí siúl, rothar a fháil ar cíos, dul ar thuras bus nó capaillín agus carr chun lán na súl a bhaint de na ballaí cloiche agus muirdhreacha dochreidte an Atlantaigh. I ndiaidh don ghrian dul faoi san iarthar, éiríonn na hoileáin beo le ceol traidisiúnta agus siamsaíocht bheoga sna tithe tábhairne

## EISPÉIRIS ÁBHARTHA

- Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!
- Bí ar Bharr na dTonn
- Oileáin Chloiche
- Suaimhneas agus Tearmann
- An Saol ar an Imeall
- Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh
- Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara
- An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona

## MÓRTHÁIRGÍ

- Dún Aonghasa, Inis Mór
- Feirm Ghabhar Árann, Inis Mór
- Ionad Ealaíon Áras Éanna (an t-aon ionad ealaíon amach ón gcósta in Éirinn, fíodóireacht, déanamh ciseán), Inis Oírr
- Dún Chonchúir, Inis Meáin

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Féile agus cúrsaí tógála ballaí cloiche, Inis Oírr
- Rothar ar cíos agus falródaíocht ar chapaillíní, Inis Mór
- Eitilt go hOileáin Árann (radharc scéimhe) ó Indreabhán i gConamara
- Féachaint ar gheansaí Árann á chniotáil ar Inis Mór
- Breathnú ar rónta (Inis Mór), éanbhreathnú agus bláthanna fiáine ar na hoileáin go léir
- Cuairt a thabhairt ar dhúnfhoirt chloiche ag Dún Dúchathair, Dún Eochla, Dún Aonghasa agus Dún Eoghanachta ar Inis Mór, Caisleán Uí Bhriain ar Inis Oírr
- Suigh ar Chathaoir Synge ar Inis Meáin go spreagfar thú
- Bailiú feamainne
- Imeachtaí reatha:
  - Ted Fest
  - Tumadóireacht Aille Red Bull 2017
  - Railí Carranna Seanré

## BEARNAÍ SAN EISPÉIREAS

- Mol cultúrtha/ionad faisnéise/foscadán do chuairteoirí ar gach oileán
- Turas timpeall mhonarcha éadaí cniotáilte Inis Meáin
- Gníomhaíochtaí san uisce (turais, slatiascaireacht, cadhcáil, tumadóireacht scúba, céaslabhordáil, cóstóireacht, snámh san fhiántas)
- Turais threoraithe ar Oileán Árann – déanamh páirce, saol an oileáin, flóra agus fána, éanbhreathnú, dúnfoirt
- Trá Bhrataí Goirme Chill Mhuirbhigh, Inis Mór
- Glasbhealach go Dún Aonghasa
- Teachín JM Synge, Inis Meáin
- Léirmhíniú (long bháite an Plassey, déanamh páirce, flóra, oidhreacht thógtha)
- Cúrsaí grianghrafadóireachta/péintéireachta/scríbhneoireachta e.g. ar Inis Meáin (JM Synge), Inis Mór (Liam Ó Flaithearta)
- Réaltóireacht – táthar ag dul sa tóir ar chreidiúnú Spéire Dorcha

# 5 EXPERIENCE DELIVERY
# Eispéireas a Chur ar Fáil



*Múnlaíonn dhá rud an domhan – scéalta a insítear agus na cuimhní a chruthaíonn siad.*

**-Vera Nazarian, údar**

Is ionann na moltaí a mhionsonraítear thíos agus iad siúd a bhfuil an fhéidearthacht is mó acu chun fís an Phlean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta a bhaint amach. Ní chinntíonn an plean seo go soláthrófar cistiú amach anseo, agus tá sé deartha chun gnólachtaí a spreagadh a bheith réamhghníomhach chun eispéiris uathúla a chruthú.

## PRIONSABAIL THREORACHA

Lena chinntiú go n-éiríonn le heispéiris Chósta Chonamara agus Oileáin Árann a chur i bhfeidhm, bunaíodh na Prionsabail Threoracha seo a leanas chun roinnt moltaí agus tionscadal a liostaítear sa mhír seo a threorú.

- Tá gach tionscadal féin-inbhuanaithe, a chiallaíonn nach mbraitheann siad ar chistiú amháin go mbainfear amach iad nó go ndéantar iad a chothabháil.
- **Baineann gach tionscadal leis an réigiún níos fairsinge** mar gheall go gcruthaíonn siad tairbhí do bhreis agus áit amháin ar Chósta Chonamara agus ar Oileáin Árann.
- **Tá gach tionscadal ar aon dul** le heispéiris Chósta Chonamara agus Oileáin Árann agus ailínithe le misean níos fairsinge Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- **Díríonn na tionscadail go léir ar réigiún ar leith a dhéanamh den réigiún** i measc a iomaitheoirí.
- **Bronnann gach tionscadal luach ar an réigiún** agus soláthraíonn siad nasc díreach agus soiléir leis an bhfad a fhanann an cuairteoir a shíneadh, fad shéasúr na turasóireachta a shíneadh nó margadh nua a fhorbairt.
- Tá prionsabail na **forbartha freagraí turasóireachta** (féach Aguisín 2) leabaithe i ngach gníomh, a chruthaíonn áiteanna níos fearr le maireachtáil iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.

## AN PLEAN A CHUR I BHFEIDHM

Chun an Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta a chur i bhfeidhm agus na heispéiris a sholáthar, tá ar gach gníomhaireacht nó eagraíocht pháirtithe leasmhara a athrú conas a insíonn siad a scéal agus conas a roghnaíonn siad na tionscadail agus na tionscnaimh a bhaineann tacaíocht amach dóibh ar ghabháil chun cinn dóibh.

Caithfidh gach tairiscint nua nó bharrfheabhsaithe do chuairteoirí níos mó a dhéanamh ná díreach 'scéal a insint', áfach. Caithfidh sé deis a thabhairt do chuairteoirí chun blaiseadh a fháil ar shaintréithe eiliminteacha an réigiúin, chun blaiseadh ceart a fháil ar chultúr Chonamara agus Oileáin Árann, agus bheith spreagtha ar fhágáil dóibh. Tá an fhreagracht ar gach gníomhaireacht, soláthraí táirge agus oibreoir gnó chun glacadh leis an gcur chuige seo agus chun tús áite a thabhairt d'eispéiris théamúla i dtaobh na rudaí a roinnimid lenár gcustaiméirí.

Chun sin a bhaint amach, tá ar gach eagraíocht an méid seo a leanas a dhéanamh:

**Fáilte Éireann –** díreoidh Fáilte Éireann ar oibriú leis an ngnó a sholáthraíonn 'eispéireas aitheanta', agus cabhróidh sé leis na gnólachtaí siúd nach bhfuil amhlaidh á dhéanamh acu chun tosú lena scéal uathúil a sholáthar agus a roinnt.

**Turasóireacht Éireann –** díreoidh Turasóireacht Éireann ar na scéalta a insint atá ceangailte leis na heispéiris agus tabharfar tús áite dó seo a dhéanamh ina gcuid margaíochta, meán sóisialta agus poiblíochta.

**Comhairle Contae na Gaillimhe –** beidh príomhról ag an gCoimhairle sa tionscal agus i bhforbairt ceann scríbe trí Straitéis Turasóireachta CCG a chur i bhfeidhm.

**FORUM agus Údarás na Gaeltachta –** tacóidh siad le cur i bhfeidhm trí fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a chistiú agus a chothú, trí mheantóireacht agus tacaíocht grúpa atá in ainm is gnólachtaí a spreagadh chun eispéireas a fháiltiú agus é a sholáthar.

**Oifig na nOibreacha Poiblí –** mar gheall go gcuimsítear sa phríomhfhreagracht atá uirthi cothabháil, úinéireacht, cur i láthair agus coimeád na bhfoirgneamh atá faoi chúram an stáit, ba cheart dóibh leanúint lena ról chun na suíomhanna seo a bhainistiú agus a fhorbairt agus béim mhór a leagan ar chur chuige atá dírithe ar chuairteoirí.

**Oideachasóirí –** mar oideachasóirí sa turasóireacht, ba cheart go gcabhródh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT) le hoibreoirí turasóireachta chun eispéiris a chruthú agus a sholáthar.

**An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) –** mar gheall gur gníomhaireacht reachtúil í an tseirbhís atá freagrach as forbairt a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chaomhnú an dúlra, beidh príomhról le comhlíonadh aici chun Páirc Náisiúnta Chonamara a fhorbairt mar shaoráid bharrfheabhsaithe do chuairteoirí, ar mhaithe le caitheamh aimsire agus oideachas.

**Músaem Cathrach na Gaillimhe –** feadfaidh an Músaem ról a chomhlíonadh maidir le suíomhanna for-rochtana a sholáthraíonn tairseach do chuairteoirí i dtaobh oidhreacht an **cheantair.**

**Grúpaí áitiúla turasóireachta –** tá orthu oibriú as lámh a chéile leis na líonraí nua turasóireachta (féach Cumasóir E1.1 agus E1.2) chun a scéalta faoin eispéireas a bhí acu a roinnt le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann, agus oibriú le gnólachtaí chun cabhrú leo a n-eispéireas a aimsiú agus a roinnt faoi na téamaí coiteanna a bhunaítear sa Phlean.

**Gnólachtaí aonair (trádáil) –** tá orthu an téama is fearr a chuireann siad ar fáil a aimsiú, eispéiris nua a fhorbairt nó eispéiris reatha a bharrfheabhsú, agus a gcustaiméirí agus na gníomhaireachtaí margaíochta a spreagadh chun an scéal sin a roinnt leis an domhan mór.

**Iascaigh Intíre Éireann –** tá faoina sainchúram slatiascaireacht a chur chun cinn

## ACRAINMNEACHA COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

**AA** – Aer Árann
**BB** – an Bord Bia
**CTC** – Cumann Tráchtála an Chlocháin
**CCÉ** – Comhairle Cheardaíochta na hÉireann
**LTCOÁ** – Líonra Turasóireachta Chonamara agus Oileáin Árann (á bheartú)
**RCOG** – An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
**RO** – An Roinn Oideachais
**RITS** – An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
**PCCE** – Príomhchathair Chultúir na hEorpa
**FÉ** – Fáilte Éireann
**OFanna** – Oibreoirí Farantóireachta
**FORUM** – FÓRAM Connemara Ltd
**CCG** – Comhairle Contae na Gaillimhe
**GFÁGanna** – Grúpaí Forbartha Áitiúla na Gaeltachta
**MG** – Músaem na Gaillimhe
**GMIT** – Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
**BOOGRC** – Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe-Ros Comáin
**CO** – An Chomhairle Oidhreachta
**CFIBF** – Cuideachta Forbartha Inis Bó Finne
**FAÉ** – Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
**IIÉ** – Iascaigh Intíre Éireann
**MCM** – Mainistir na Coille Móire
**PÁanna** – Pobail Áitiúla
**OFÁ** – Oifig Fiontair Áitiúil
**CFL** – Cumann Forbartha an Líonáin
**SÉ** – Sléibhteoireacht Éireann
**SPNF** – An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
**OÉ, Gaillimh**
**OCN** – Oifig na gCosán Náisiúnta
**OOP** – Oifig na nOibreacha Poiblí
**OÁT** – Oifigeach Áineasa Tuaithe
**TÉT** – Turasóireacht Éireann Teoranta
**ÚnaG** – Údarás na Gaeltachta

## CISTIÚ

Cuireann Fáilte Éireann cistiú ar fáil do thionscadail inbhuanaithe turasóireachta. Amhail ón dáta a foilsíodh an Plean seo, níl cistiú faighte ó Fháilte Éireann ag aon chinn de na tionscadail a luaitear sa Phlean. Ní chinntítear go mbainfidh tionscadail cistiú amach mar gheall gur luadh sa Phlean seo iad. Cé go soláthraítear cistiú do thionscadail áirithe, ní hé Fáilte an forbróir. Tá ar fhorbróirí an reachtaíocht ábhartha agus forálacha na mBeartas, Straitéisí, Pleananna agus Clár Reachtúil a chomhlíonadh, iad siúd san áireamh a bhaineann leis an gcomhshaol agus pleanáil.

## UAINIÚ

Gearrthéarma – Bliain 1
Meántéarma – Bliain 2 agus 3
Fadtéarma – Bliain 4 +

## AILÍNIÚ LE PLEANANNA REATHA

Ailíníodh an plean seo le gach plean gníomhaireachta (CCG, Údarás, FORUM Connemara Ltd agus an SPNF), Straitéis Turasóireachta CCG ina measc – féach an tAguisín chun teacht ar an liosta pleananna agus straitéisí a dhéantar a athbhreithniú. Agus amhlaidh á dhéanamh, tacaíonn sé le pleananna reatha agus lorgaíonn sé chun giaráil a bhaint amach óna straitéisí agus gníomhartha, chomh maith.

**NÓTA:** Ní chinntítear go mbronnfar cistiú ar na moltaí a liostaítear agus beidh orthu gabháil tríd an bpróiseas céanna iarratais do gach tionscadal. Fiosraigh cén gníomhaireachtaí a chuireann cistiú ar fáil mar gheall go bhféadfadh foinsí nua cistithe a bheith ar fáil i rith shaolré an Phlean seo.

## TIONSCADAIL INDÉANTACHTA A CHUR I BHFEIDHM

Sainaithnítear sa Phlean seo indéantacht réimse tionscadal. Sa chás go gcuirtear tograí do thionscnaimh nua chun cinn a fhad le céim na hindéantachta, titfidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha amach.

## EISPÉIREAS 1: **Sléibhte, Portaigh agus Tránna – Glac Chugat Iad!**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | **Catalaíoch 1: A indéanta atá sé a fhiosrú tabhairt faoi thionscadail fhéideartha do Pháirc Náisiúnta Chonamara ar aon dul le Creat Léirmhínithe na bPáirceanna Náisiúnta chun barr feabhais a chur ar an eispéireas cuartaíochta agus chun cuairteanna idir an t-idirshéasúr agus an seachshéasúr a threisiú.** Sa chás go gcuirtear tograí chun cinn a fhad le céim na hindéantachta, titfidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha amach. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i measc na bpríomhthionscadal chun measúnú a dhéanamh ar an indéantacht:<br>• **Iompar agus páirceáil:** an carrchlós a shíneadh chun páirceáil ar an mbóthar a laghdú; seirbhís tointeála bus shéasúrach a sholáthar idir an Pháirc agus Mainistir na Coille Móire chun sábháilteacht na gluaiseachta a éascú idir dhá mhórtháirge; feabhas a chur ar an gcarrchlós mar limistéar ceann réime chun úsáid a bhaint as na conairí trí bhoth faisnéise an charrchlóis a athchóiriú;<br>• **Eispéiris chonaire:** comharthaíocht chonaire a athnuachan; Conair Bhinn Ghuaire a uasghrádú; Siúlóid Lúibe Feirme nua a fhorbairt agus an scéal feirmeoireachta a thabhairt chun solais; glasbhealach a chruthú idir an Pháirc agus Mainistir na Coille Móire.<br>• **Léirmhíniú agus faisnéis:** taispeáintí léirmhínitheacha, ábhair chlóite léarscáile agus ábhar físeáin a athbheochan, agus an úsáid a fhiosrú a bhaintear as an teicneolaíocht nua AC; an fháil shéasúrach a bhíonn ar sheirbhísí pearsanta a shíneadh agus eispéiris nua théamúla a fhorbairt;<br>• **Foirgnimh:** measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé saoráidí leithris agus oideachais an ionaid chuairteoirí a uasghrádú. | Meántéarma | An SPNF | FÉ, CCG, LTCOÁ, OCN, FORUM |
| 1.2 | **Catalaíoch 2: A indéanta atá sé a fhiosrú conairí nua siúil agus rothaíochta lúibe cósta agus intíre a fhorbairt agus na conairí seo a chur chun cinn mar chuid de líonra. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le samplaí de seo:**<br>• Barr feabhais a chur ar shiúlóidí lúibe agus tús siúlóidí reatha.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar/triail phíolótach a bhaint as indéantacht thogra Thionscadal Pathfinder Bhraisle Chonamara, a dhéanann bealaí féide-artha a fhiosrú ón gClochán go dtí an Líonán (trí Leitir Fraic/Páirc Náisiúnta Chonamara) chun Glasbhealach na Gaillimhe a nascadh le Bealach an iart-hair; ó Theachín an Phiarsaigh go dtí an Glasbhealach trí Choillte Cheapach Chuais; agus an fhéidearthacht chun Slí Chonamara agus an Glasbhealach a cheangal le bealaí rothaíochta/siúil trí Pháirc Ghaoithe na Gaillimhe.<br>• Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé liosta tosaíochta a fhorbairt de shiúlóidí / chonairí amach anseo, ar nós: Lúb Chaisleán Chromail (féach 7.1 chomh maith), Conair Ghorta Mór an Chaoláire Rua (féach 6.1), cúrsa oileáin ar Inis Bó Finne agus Lúb Chnoc Iorras Beag; agus tabhairt faoi iniúchadh ar acmhainní/léarscáiliú ar sheanbhóithre, cosáin mharcaíochta agus cosáin.<br>• A indéanta atá sé a shainaithint agus a mheasúnú chun naisc/lúba a fhorbairt ó Ghlasbhealach Chonamara (féach 2.2) go dtí bailte agus sráidbhailte ar Chósta na hÉireann, mar shampla, Ceantar na nOileán agus Iorras Aithneach.<br>• Léarscáileanna/treoracha póca conair shiúlóid lúibe a chur le chéile agus formáid a úsáid atá cosúil leis an bhformáid a úsáideadh do Bhoirinn.<br>• An aip 'Conairí Chonamara' ('Connemara Trails') ina bhfuil conairí siúil agus rothaíochta (conairí an Ghormbhealaigh san áireamh) agus na seirbhísí agus saoráidí gaolmhara a thabhairt isteach. | Meántéarma | FORUM, OÁT | FÉ, OÁT, OOP, ÚFT, FORUM, ÚnaG, FAÉ, PÁanna |
| 1.3 | **Catalaíoch 3: A indéanta atá sé a fhiosrú Mol Eachtraíochta an Líonáin-Fhiord an Chaoláire Rua a bhunú**<br>• Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun tús áite a thabhairt do cheantar an Líonáin lena chur san áireamh faoin Scéim Phíolótach Rochtana ar Shléibhte chun cabhrú leis an rochtain atá ar bhealaí cnocadóireachta reatha agus amach anseo agus an rochtain a bhíonn ar fáil ar na bealaí siúd, a dhéanamh foirmiúil. An fhéidearthacht a fhiosrú chun síneadh a dhéanamh chun ceantair ardtalún eile a chuimsiú.<br>• Gnólachtaí cnocadóireachta a chur chun cinn, agus soláthraithe eachtraíochta a shlógadh chun líonra comhoibritheach a bhunú. | An SPNF | CCG | FÉ, LTCOÁ, CFL, FORUM, SÉ, TÉ, FAÉ |
| 1.4 | Féilte reatha a chomhordú agus féilte nua siúil a fhorbairt, ar nós Leitir Mealláin agus Cill Chiaráin, chun go dtiteann siad amach timpeall ar an am céanna le cabhrú le Féilire Fhéile Siúil Chonamara a chur chun cinn, agus a n-aitheantais aonair a choimeád, ag an tráth céanna. Chuirfeadh seo ar ár gcumas an t-imeacht a chur chun cinn thar lear mar imeacht mór. | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ, OÁT, TÉ |

## EISPÉIREAS 2: **Fiosraigh Saothair Éachtacha**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | **Catalaíoch 4: Glasbhealach Chonamara a chur i gcrích agus a indéanta atá sé a fhiosrú deiseanna a bhaineann leis an nGlasbhealach a ghiaráil. I measc na samplaí, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a thabhairt a fhad leis an gcéim indéantachta a bheith i gceist:**<br>• Cistiú agus comhaontuithe a bhaint amach chun an stráice de Ghlasbhealach Chonamara ón gClochán go hUachtar Ard a chur i gcrích.<br>• Glasbhealach a fhorbairt ón gClochán go Pointe Sár-Radhairc Dheirgimligh (a chuirfidh ar chumas cuairteoirí, chomh maith, chun rothaíocht go sábháilte ón gClochán go dtí Cloch na Rón ar Bhóthar an Phortaigh) – agus cuirfidh sé barr feabhais ar ról an Chlocháin mar lárionad le haghaidh eispéiris rothaíochta Shlí an Atlantaigh Fhiáin.<br>• Leanúint ar aghaidh le Glasbhealach Chonamara/an Rotharbhealach Náisiúnta go dtí an Líonán (tríd an bPáirc Náisiúnta) chuig Leitir Fraic agus Mainistir na Coille Móire) (an sprioc fhadtéarmach ina measc chun nasc a dhéanamh le síneadh Ghlasbhealach Mór an Iarthair aduaidh ó Chathair na Mart).<br>• Léirmhíniú a sholáthar ar láithreáin a bhaineann le forbairt na líne iarnróid agus Mhainistir na Coille Móire faoi mar is cuí feadh na mbealaí.<br>• Cur chun cinn a dhéanamh i margaí thar lear nuair a bhíonn siad curtha i gcrích.<br>• Anuas air sin, an fhéidearthacht a fhiosrú chun Glasbhealach Chonamara a nascadh le Glasbhealach Mór an Iarthair mar chéim i mBealach Cósta Atlantach Euro Vélo (EuroVelo 1). | Meántéarma<br><br>Níos Fadtéarmaí | GCC | RRO, NPWS, NTO, FORUM, CCC, TI, IFA |
| 2.2 | **Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé conairí tionsclaíocha agus oidhreachta tógtha atá bunaithe ar théamaí** a fhorbairta bhaineann le Marconi, Alexander Nimmo, seandálaíocht, oidhreacht iarnróid agus suíomhanna réamh-Chríostaí/suíomhanna luatha Ceilteacha Críostaí leis an ábhar gaolmhar clóite agus ar ar líne. | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÓRAM, CTC |
| 2.3 | **Bealach siúil reatha Chonair Bhaile Stairiúil an Chlocháin a chur chun cinn leis an léarscáil ghaolmhar – comharthaíocht léirmhínitheach a athnuachan nuair is gá.** | Gearrthéarma | LTCOÁ | CTC, FÉ, FORUM |
| 2.4 | Clár a fhorbairt chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 2019 ar eitilt thrasatlantach Alcock agus Brown.<br>• Clár féile a fhorbairt (e.g. seó aeir) | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ, FORUM |

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority

WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

## EISPÉIREAS 3: **Bí ar Bharr na dTonn**


| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | **Catalaíoch 5: A indéanta atá sé a fhiosrú líonra Ghormbhealach Chósta Chonamara a chur chun cinn agus a fhairsingiú.** D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le samplaí de thionscnaimh:<br>• Gormbhealaí reatha Chuan Mhanainn, Inis Bó Finne agus an Chaoláire Rua a chur chun cinn i measc margaí idirnáisiúnta.<br>• Oibreoirí a spreagadh chun deiseanna láithreacha oiriúnacha Gormbhealaigh a uasmhéadú.<br>• 'Laethanta Blaiste' agus imeachtaí 'Tar i láthair agus ar aghaidh leat' a chur ar siúl, go háirithe i gcaitheamh na n-idirshéasúr.<br>• Machnamh a dhéanamh ar láithreacha nua Gormbhealaigh ag Pointí Radhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin, ar Oileáin Árann, chomh maith. | Meántéarma | GCC + RRO | FÉ, LTCOÁ, PÁanna (Ionad Tumadóireach-ta IslandsWest, Real Adventures, Ionad Eachtraíoch-ta Delphi, Ionad Eachtraíochta an Chaoláire Rua, Scuba Dive West, Conamara Wild Es-capes, Wild Atlantic Adventures), TÉ An SPNF |
| 3.2 | **Soláthraithe spórt uisce i gConamara agus ar na hOileáin a spreagadh lena fhiosrú a indéanta atá sé eispéiris nua ghníomhaíochtbhunaithe a bhunú, a chuireann go dearfach le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus le caomhnú comhshaoil.** I measc na samplaí, d'fhéadfaí turais far-raige, slatiascaireacht, cadhcáil, tumadóireacht scúba, céaslabhordáil, agus cóstóireacht a chur san áireamh. | Meántéarma | FORUM / FLAG | ÚnaG, LTCOÁ, PÁanna, FÉ, GFÁGanna, IIÉ |
| 3.3 | **Féilte reatha a bhaineann leis an bhfarraige a chur chun cinn,** Seachtain na Farraige, Geallta Bád Húicéir na Gaillimhe, agus rásaí áitiúla Húicéir na Gaillimhe agus curach ina measc.<br>• Deiseanna a fhiosrú chun gníomhaíochtaí gaolmhara eile a chur leis na féilte bádóireachta (bia, ceardaíocht, feamainn, ceol) | Gearrthéarma | FÉ, CCG | LTCOÁ, TÉ ÚnaG, Cumann Húicéirí na Gaillimhe |
| 3.4 | A indéanta atá sé a fhiosrú eispéiris slatiascaireachta géim, farraige agus gharbhiascaireachta a fhorbairt. | Meántéarma | IIÉ | LTCOÁ, TÉ |
| 3.5 | **Pacáistí agus cúrsaí taistil** a shonrú agus a chur chun cinn a bhaineann le gníomhaíochtaí uiscebhunaithe i gcomhar le turais bhia, cheoil, Ghaeilge, agus threoraithe, lena n-áirítear béaloideas agus an timpeallacht nádúrtha. D'fhéadfaí eispéiris indíolta uile-oileáin a áireamh leis seo. | Gearrthéarma | FÉ | FÉ, CCG |

## EISPÉIREAS 4: **Oileáin Chloiche**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | **Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Plean Léirithe Oileáin Árann a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm mar bhealach chun cur chuige chom-htháite a sholáthar i dtaobh feasacht cuairteoirí ar na trí oileán agus chun an fad a fhanann cuairteoirí a shíneadh.**<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar na téamaí a bheartaítear laistigh de chomhthéacs an Phlean seo, agus measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé tograí ábhartha comharthaíochta a chur i bhfeidhm.<br>• An t-ábhar foilsithe agus ar líne a bheartaítear a chur i dtoll a chéile, Pacáiste Árann (Treoir do Chuairteoirí), Léarscáil Árann, Aip Léarscáil Árann, bróisiúir agus leabhráin de théama ar leith.<br>• Oibriú leis an trádáil áitiúil lena chinntiú go mbíonn fáil ar ábhar clóite do chuairteoirí.<br>Caithfear tús áite a thabhairt do chinntiú go mbíonn an t-eispéireas fíor i gcónaí d’fhonn ‘nach mbraitheann cuairteoirí go bhfuil rudaí á léiriú dóibh, ach ina ionad sin, go bhfuil fíorbhlaiseadh á fháil acu de na hoileáin’. | Gearrthéarma | CCG, OOP | FÉ, LTCOÁ, CnO, PÁanna |
| 4.2 | **Catalaíoch 6: A indéanta atá sé a fhiosrú saoráidí turasóireachta ag céanna/calafoirt a sholáthar agus/nó a fheabhsú. Mar shampla, d’fhéadfadh seo baint le hInis Oírr, Inis Meáin agus Inis Mór, saoráidí san áireamh do threoshuíomh/fhaisnéis oileáin, leithris agus foscadán.** Ba é aidhm na saoráidí seo chun feasacht chuairteoirí a chur chun cinn ar an méid a chuireann an t-oileán ar tairiscint, barr feabhais a chur ar eispéireas an chuair-teora agus cuairteoirí a spreagadh chun fanacht níos faide. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na moltaí in Plean Léirithe Oileáin Árann chun bain-istíocht a dhéanamh ar chuairteoirí ag na láithreacha seo i dtaobh indéantachta. | Gearrthéarma | CCG, OOP | FÉ, LTCOÁ, CnO, LT, OFanna, ÚnaG |
| 4.3 | Deis a fhiosrú chun oibriú le húinéirí reatha **Theach Synge** (teachín JM Synge) ar Inis Meáin lena éascú barr feabhais a chur air mar dhíol spéise do chuairteoirí. | Meántéarma | LTCOÁ | CnO, ÚnaG, FÉ, CCG |
| 4.4 | Tacú le himeachtaí reatha a bhaineann le ballaí cloiche, ar nós **na féile tógála balla cloiche.** | Gearrthéarma | FÉ, CCG | LTCOÁ, CnO |
| 4.5 | Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé chun **lúb an ghlasbhealaigh ar Inis Mór** idir Cill Rónáin agus Dún Aonghasa a chríochnú chun barr feabhais a chur ar an eispéireas cuartaíochta ar thurais fhéintreoraithe rothaíochta. | Gearrthéarma | FORUM/ OÁT | FÉ, LTCOÁ, CnO, CCG |
| 4.6 | Réimse **pacáistí agus cúrsaí taistil** a shonrú agus a chur chun cinn do chúrsaí grianghrafadóireachta, péintéireachta agus scríbhneoireachta ar Oileáin Árann. | Gearrthéarma | LTCOÁ | CnO, FÉ, TÉ |
| 4.7 | **Turais threoraithe ar Oileán Árann** a shonrú agus a chur chun cinn – déanamh páirce, saol an oileáin, flóra agus fána, éanbhreathnú, dúnfoirt. | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ |
| 4.8 | An deis a fhiosrú chun **creidiúnú Spéire Dorcha** a bhaint amach d’Oileáin Árann. | Meántéarma | LTCOÁ | CCG |

## EISPÉIREAS 5: **Suaimhneas agus Tearmann**

| | Gníomhartha | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 5.1 | **Pacáistí agus cúrsaí taistil a dhearadh agus a chur chun cinn timpeall ar théama Chonamara agus Oileáin Árann mar áiteanna chun scíth a ligean, suaimhneas a ghlacadh agus éalú,** spánna, ióga, folcadáin feamainne, machnamh, aer úr agus saol an oileáin ina measc. | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ, TÉ |
| 5.2 | **Conamara agus Oileáin Árann a chur chun cinn mar áit teiripe agus folláine,** teiripe shuathaireachta, marcaíocht theiripeach ar chapall, agus teiripe ealaíne. | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ, TÉ |
| 5.3 | Turais agus pacáistí beaga grúpa agus aonair a shainiú agus a chur chun cinn bunaithe ar **shuíomhanna naofa réamh-Chríostaí agus suíomhanna Ceilteacha Críostaí,** Toibreacha Beannaithe agus séipéil ina measc. Eispéiris a fhorbairt a thugann 'Oileáin na Naomh agus na nOllúna' chun solais | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ, TÉ |
| 5.4 | A lorg chun dul i ngleic le saincheisteanna a imríonn tionchar ar cháilíocht **slatiascaireacht áineasa** i gConamara, feirmeoireacht bradán agus truailliú sruthchúrsa ina measc. An sprioc a leagan amach chun ioncam ó thurasóireacht slatiascaireachta a mhéadú i gceantar Chonamara. | Meántéarma | CCG, IIÉ | FÉ, Coillte |
| 5.5 | An deis a fhiosrú chun **creidiúnú Spéire Dorcha** a bhaint amach do na hOileáin agus tabhairt faoi réalt-turasóireacht. | Meántéarma | LTCOÁ | FÉ, TÉ |






## EISPÉIREAS 6: **An Saol ar an Imeall**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **6.1** | **Catalaíoch 7: A indéanta atá sé a fhiosrú Conair Ghorta Mór an Chaoláire Rua a fhorbairt go ndéanfar siúlóid lúibe ainmnithe di trí chomhoibriú le húinéirí talún ábhartha.** Beidh machnamh cúramach le déanamh ar roghanna páirceála chun seo a dhéanamh. An chonair a úsáid chun na hathruithe a thabhairt chun solais a tháinig ar scéal an Ghorta Mhóir ar fud Chonamara agus Oileáin Árann. | Gearrthéarma | OÁT | CCG, FÉ, LTCOÁ, PÁanna |
| **6.2** | **Tabhairt faoi mheasúnú ar éifeachtacht an Ionaid nua Eisimirceach agus Diaspóra ag Carna chun scéal ré an Ghorta Mhóir a insint do chuairteoirí thar lear.** Beidh ionchur gairmiúil ag teastáil ón tionscnamh chun coincheap an eispéiris do chuairteoirí agus dearadh agus ábhar an léirmhínithe a fhorbairt lena chinntiú go mbainfidh sé margaí idirnáisiúnta a bhaint amach. Má bhaineann an léirmhíniú caighdeán idirnáisiúnta amach, d'fhéadfadh an t-ionad seo bheith ina mhórtháirge laistigh den téama seo. | Gearrthéarma | ÚnaG, FÉ | FÉ, LTCOÁ, GFÁGanna |
| **6.3** | **Físeáin ghearra de shaol agus stair an oileáin** a sheinntear ar lúb ag fáiltiú/ionad ina mbíonn aimsir fhliuch ann ar gach ceann d'Oileáin Árann. Tá deis ann chun smaoineamh a dhéanamh ar fhoirgnimh fholmha a athúsáid agus a chur in oiriúint. | Meántéarma | LTCOÁ | CnO, LC |
| **6.4** | **Flóra agus fána uathúil** Oileáin Árann a chur chun cinn trí leanúint leis na bróisiúir faoin Saol ar Árainn a scaipeadh ar chuairteoirí agus trí shiúlóidí speisialaithe treoraithe a chur chun cinn. Ba cheart go dtabharfadh na heispéiris seo téamaí an oiriúnaithe, an mharthanais agus na bithéagsúlachta uathúla chun solais. Caithfear siúlóidí a chur chun cinn i gcomhréir le prionsabail Leave No Trace. | Gearrthéarma | LTCOÁ | CnO, UnaG, LC |

## EISPÉIREAS 7: **Fealltóirí agus Réabhlóidithe**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **7.1** | **Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé siúlóid lúibe nua Bheairic Chromail a fhorbairt ar Inis Bó Finne –** an áit dheireanach in Éirinn ar chuir na Normannaigh faoi chois. Mar chuid den tionscnamh, smaoineamh a dhéanamh ar a indéanta atá sé chun an bhearna reatha a líonadh chun cabhrú le hinrochtaineacht le linn lán mara, agus athbhreithniú a dhéanamh ar chobhsaíocht an tséadchomhartha oidhreachta. | Gearrthéarma | OÁT | OOP, LTCOÁ, FÉ, FORUM, CFIBF |
| **7.2** | **Cainteanna agus imeachtaí atá nasctha le 1916** a thabhairt isteach ag Ionad Cuairteoirí Theachín an Phiarsaigh. | Gearrthéarma | OOP | FÉ, LTCOÁ |
| **7.3** | Deiseanna a fhiosrú chun **imeacht de théama na smuigléireachta ar Inis Bó Finne** a chruthú agus chun scéal Ghráinne Mhaol a thabhairt chun solais. D'fhéadfadh imeachtaí téamúla sa teach tábhairne a bheith i gceist leis seo. Ar an gcuma chéanna, caith súil ar théama na smuigléireachta a úsáid i bpobail eile, ar nós Chloch na Rón. | Meántéarma | CFIBF | GCC |
| **7.4** | Ba cheart go bhfiosródh aon athbhreithniú a dhéantar ar shaoráidí léirmhínitheacha sa Chlochán bealaí chun ceangal a chruthú idir scéal **Dhónaill Uí Chonaill** sa Chlochán agus an scéal níos faide faoi ar Chósta na Sceilge. | Meántéarma | CCG | CTC |
| **7.5** | Deiseanna a fhiosrú chun imeachtaí 1916 agus an Chogaidh Chathartha a thabhairt chun solais, an Clochán agus Stáisiún Marconi a dhó agus gníomhaíochtaí na nDúchrónach ina measc. | Meántéarma | MG | FORUM |

## EISPÉIREAS 8: Cultúr Spleodrach na nGael a Bhlaiseadh

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 8.1 | **Catalaíoch 8: Conair Eispéireasach Ghaelach a chruthú a leagann béim ar cheardlanna do chuairteoirí chun an Ghaeilge a fhoghlaim, eispéiris ina measc a dhéanann an teanga a cheangal leis an gceol, an ealaín, an cheardaíocht agus cúrsaí grianghrafadóireachta –** trí úsáid a bhaint as conairí ar bhealaí reatha a fhad le forbairtí atá ann faoi láthair. | Gearrthéarma | LTCOÁ ÚnaG | GFÁanna, CCG, FÉ, TÉ, OÉ, Gaillimh |
| 8.2 | **Catalaíoch 9: A indéanta atá sé a fhiosrú líonra d'ionaid oidhreachta cultúrtha a bhunú ar fud Chonamara agus Oileáin Árann agus meic-níochtaí nua a bhunú chun tacú le hionaid reatha.** I dtaobh fhormhór na suíomhanna a thugtar le fios thíos, moltar go dtabharfar faoi staidéar chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo seo a bheith mar chuid de chlár in ionad for-rochtana (músaem amach ón suíomh) a reáchtáiltear i Músaem Cathrach na Gaillimhe. I measc na n-ionad a d'fhéadfaí a mheasúnú, tá:<br>• **Ionad Cultúrtha an Líonáin** (féadfaidh seo bheith mar ionad léirmhínitheach le haghaidh Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach) – a reáchtálann an pobal (faoi mar a bheartaítear);<br>• **Músaem Oidhreachta Inis Bó Finne** (tacú leis an ionad reatha) – a reáchtálann an pobal;<br>• **Ionad Cultúir an Chlocháin** (macasamhail d'eitleán Alcock agus Brown ina measc) – i gcomhar leis an earnáil phríobháideach (faoi mar a bheartaítear);<br>• **Ionad Cultúir Chloch na Rón** (grianghraif agus stair shóisialta an tsráidbhaile, an bhéaloidis, na scéalta eisimirce, Tim Robinson, Nimmo, stair reiligiúnach, saol na hiascaireachta) – a reáchtálann an pobal (faoi mar a bheartaítear);<br>• **Ionad Oidhreachta agus Cultúir na Gaeltachta –** b'éard a d'fhéadfaí a áireamh leis seo ábhar ó Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin (faoi mar a bheartaítear);<br>• **Áras Éanna ar Inis Oírr** (taispeántais, cúrsaí, ceol, físeáin faoi shaol an oileáin, trádáil) (tacú leis na cinn reatha)<br>• **Ionad Oidhreachta Ionad Árann ar Inis Mór** (mol faisnéise chun ceardlanna agus taispeántais ealaín agus cheardaíochta a chur san áireamh, stair agus déantáin na n-oileán, léirmhíniú agus físeáin a insíonn na scéalta faoin litríocht, na healaíona, an cheardaíocht, an béaloideas, saol an oileáin agus scéalta faoi gheansaí Árann, léarscáileanna de chuid Tim Robinson, agus ceardlanna teanga) (faoi mar a bheartaítear). | Meántéarma | MG | CnO, FORUM, GDC, HC, LT, FI |
| 8.3 | Oibriú le Cumann Thógálaithe Chonamara chun bealaí a fhiosrú chun **Taispeántas Chapaillíní Chonamara** a mhéadú agus a bhunú mar imeacht mór idirnáisiúnta ina bhfuil an bia agus an ceol mar phríomhghnéithe. | Meántéarma | FÉ, CCG | CTC, FORUM, LTCOÁ, TÉ |
| 8.4 | **Ceol tábhairne agus oícheanta damhsa** a chur san áireamh ar liosta Imeachtaí Fháilte Éireann atá le cur chun cinn trí láithreán gréasáin Discover Ireland agus sa chéad chéim eile d'Aip Shlí an Atlantaigh Fhiáin. **Coincheap Chonair Cheoil Chonamara** a athsheoladh. | Gearrthéarma | FÉ, LTCOÁ | FORUM, PÁanna, GFÁanna, ÚnaG |
| 8.5 | Próifíl **Ionad Ealaíon Traidisiúnta Theach Ceoil** atá sa Tulaigh a mhéadú mar ionad do cheol, damhsa agus seanchas Gaelach, agus oibriú le Cuan Studios sa Spidéal chun eispéiris nua sa cheol a fhorbairt. | Meántéarma | FÉ | |
| 8.6 | **Pacáistí agus cúrsaí taistil** nua a chruthú agus cinn reatha a chur chun cinn bunaithe ar chultúr traidisiúnta na hÉireann chun fanacht thar oíche agus eispéiris indíolta a spreagadh. | Gearrthéarma | FÉ | FORUM, PÁanna, ÚnaG, GFÁanna LTCOÁ |
| 8.7 | Oibriú ar aon dul leis an bPlean Gaeilge a seoladh don réigiún lena chinntiú go n-idirghníomhaíonn cuairteoirí leis an nGaeilge, agus go bhfuil ról an phobail labhartha Gaeilge san idirghníomhú seo dearfach agus nach ndéanfar dearmad air. Oiliúint a fhorbairt laistigh de cheardlanna reatha chun úsáid a bhaint as an nGaeilge laistigh de ghnó | Ar siúl | ÚnaG | FÉ |

## EISPÉIREAS 9: **Blasanna Suntasacha na Talún agus na Mara**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 9.1 | **Measúnú breise a dhéanamh ar a indéanta atá sé chun athbhreithniú a dhéanamh ar na fodhlíthe maidir le bothanna a oibriú ag Pointí Radhairc áirithe,** e.g. diúilicíní ag an Líonán. Cuireann seo deis ar fáil do chuairteoirí bia áitiúil a cheannach, idirchaidreamh a dhéanamh le daoine áitiúla agus moltaí a fháil faoi áiteanna eile chun cuairt a thabhairt orthu – a chuireann barr mór feabhais ar an eispéireas a chruthaítear dóibh den cheantar. | Gearrthéarma | CCG | FÉ, LTCOÁ, BIM |
| 9.2 | Gnólachtaí a bhaineann le cúrsaí bia i gConamara agus ar Oileáin Árann a spreagadh chun úsáid a bhaint as **sraith straitéisí scéal bia Shlí an Atlan-taigh Fhiáin** chun cabhrú lena ngnólachtaí a chur chun cinn ar mhargaí thar lear. | Láithreach | FÉ | LTCOÁ, ÚnaG |
| 9.3 | **Catalaíoch 10: Tacú le féilte reatha bia agus féilte nua nuálacha a chruthú.** Tá bia áitiúil fite fuaite le ceol, damhsa agus siúlóidí treoraithe i bhféilte reatha bia agus déanann siad an ceantar a chur i láthair an phobail – ar nós Féile Dhiúilicíní Chonamara i Rinn Mhaoile agus Bia Bó Finne – ba cheart tacú leo seo agus an deis a thabhairt dóibh dul i méid. Deiseanna a fhiosrú chun féilte nua bia a fhorbairt, ar nós Fhéile Bhia Mara Chill Chiaráin bu-naithe ar oisrí agus muiríní dúchasacha agus ceol traidisiúnta. D'fhéadfaí é seo a cheangal le Lá Fhéile Mac Dara an 17 Iúil. | Meántéarma | CCG | FÉ, LTCOÁ, GFÁGanna, BIM, ÚnaG |
| 9.4 | Deiseanna a fhiosrú chun **táirgeoirí reatha dobharshaothraithe, feirme agus iascaigh a nascadh le heispéiris turasóireachta agus gnólachtaí bia.** | Meántéarma | BIM, ÚnaG | FÉ, LTCOÁ, CCG |
| 9.5 | **Oibriú le soláthraithe cóiríochta agus bialanna i gConamara agus ar Oileáin Árann chun bia áitiúil a chur ar fáil ar bhiachláir** agus ceiliúradh a dhéanamh ar thorthaí áitiúla trí na scéalta áitiúla a thabhairt chun solais agus úsáid a bhaint as an nGaeilge. B'fhéidir go dteastóidh forbairt a dhéanamh ar líonra soláthraithe áitiúla uaidh seo chun costais a laghdú i measc ceannaitheoirí. | Gearrthéarma | CCG | FÉ, LTCOÁ, BIM, ÚnaG |
| 9.6 | **Margaí séasúracha** bia a spreagadh e.g. margaí cósta. | Meántéarma | CCG | FÉ, LTCOÁ, BIM |
| 9.7 | Tacú le **cistineacha pobail** i sráidbhailte a chuireann cúrsaí cócaireachta agus 'laethanta foghlama' ar siúl – e.g. conas arán cruithneachta a dhéanamh. | Meántéarma | CCG, LTCOÁ | FÉ<br>BIM |
| 9.8 | **Pacáiste agus cúrsaí taistil** a chruthú a sholáthraíonn eispéireas indíolta bunaithe ar chúrsaí cócaireachta. Machnamh a dhéanamh ar **Chonair Bhia Chonamara** a chruthú ag a bhfuil miasa aitheanta. | Gearrthéarma | LTCOÁ<br>FÉ | CCG<br>BIM |
| 9.9 | **Féilte bia agus bia áitiúil a chur chun cinn mar chuid den bhranda 'Taste the Atlantic' agus 'Galway West of Ireland – European Region of Gas-tronomy' le lipéadú agus margaíocht chomhsheasmhach.** Cuspóirí an chláir 'From the Ground Up – Feeding our Future' a chur i bhfeidhm. | Meántéarma | CCG, LTCOÁ | FÉ, TÉ, BB, BIM, PÁanna, ÚnaG |

## EISPÉIREAS 10: **An 'Áilleacht Fhiáin' sna hEalaíona**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| 10.1 | **Leanúint ag tacú le Féile Ealaíon Idirnáisiúnta an Chlocháin agus í a fhairsingiú.** Is féidir forbairt bhreise a dhéanamh ar an imeacht an-rathúil seo chun imeachtaí a chur san áireamh i rith na tréimhse céanna i gCloch na Rón agus Leitir Fraic. | Gearrthéarma | FÉ, CCG | CTC, TÁ, FORUM |
| 10.2 | **D'fhéadfadh páirtithe leasmhara an deis a fhiosrú chun teachín JM Synge ar Inis Meáin a cheannach agus a indéanta atá sé é a uasghrádú chuig díol spéise barrfheabhsaithe do chuairteoirí.** Chun seo a dhéanamh, d'fhéadfaí foirgneamh ina aice a cheannach mar an bpríomhionad do chuairte-oirí. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar a mhacasamhail d'úsáid a bhaint as teachín Liam Uí Fhlaithearta ar Inis Mór. | Meántéarma | LTCOÁ | FÉ, CCG, ÚnaG |
| 10.3 | **An branda 'I nGaillimh a Rinneadh' a chur chun cinn** don cheardaíocht agus do dhéantóirí ceardaíochta ar fud an cheantair. Conair cheardaíochta a bhunú ar a bhfuil an chomharthaíocht, margaíocht agus cur chun cinn oiriúnach. | Gearrthéarma | FÉ, CCG | CCÉ, ÚnaG, LTCOÁ, TÁ, CnO, FORUM |
| 10.4 | **A indéanta atá sé a fhiosrú Conair Scríbhneoirí Chonamara agus Oileáin Árann** a bhunú ag a bhfuil an chomharthaíocht ghaolmhar, litríocht spreagtha, scéalta ar líne agus imeachtaí. D'fhéadfaí comharthaíocht 'chainte' a áireamh leis seo. Cur chun cinn a dhéanamh i margaí thar lear. | Gearrthéarma | LTCOÁ | ÚnaG, FORUM, FÉ, CCG |
| 10.5 | **Imeachtaí liteartha a chur ar siúl ag Ionad Cuairteoirí Theachín Phádraig Mhic Phiarais.** | Gearrthéarma | OOP | ÚnaG, LTCOÁ |
| 10.6 | **Conair Ealaíontóirí Chonamara agus Oileáin Árann** a bhunú chun na deiseanna a thabhairt do chuairteoirí chun ceangal a dhéanamh le healaíontóirí agus ceardaithe áitiúla. D'fhéadfadh seo tarlú ar dháta í socraithe agus d'fhéadfadh 'stiúideonna oscailte' a bheith i gceist, seachas conair bhuan. | Gearrthéarma | CCG, ÚnaG | LTCOÁ, FORUM |
| 10.7 | Cur le coincheap reatha **Chonair Scannán Chonamara agus Oileáin Árann** (féach Discover Ireland) | Meántéarma | Ionad Scannán na Gaillimhe | - |
| 10.8 | **Pacáistí agus cúrsaí taistil** indíolta a chruthú bunaithe ar an scríbhneoireacht, grianghrafadóireacht agus ealaín. | Gearrthéarma | FÉ, LTCOÁ | FÉ |
| 10.9 | Deiseanna a fhiosrú chun an fhéile cheoil thraidisiúnta **TradPhicnic** sa Spidéal agus Féile Joe Éinniú i gCarna a fhorbairt. | Meántéarma | ÚnaG | LTCOÁ |
| 10.10 | Bealach a fhiosrú inar féidir leabhair agus léarscáileanna **Tim Robinson** a cheiliúradh agus a thaispeáint, agus a fhiosrú conas is féidir cur leis an gco-incheap seo de Chomhráite Chloch na Rón. | Meántéarma | LTCOÁ | TÁ, OÉ, Gaillimh |

**Caitear súil sa chuid eile den chaibidil seo ar "Cumasóirí Ratha". Bearta agus tionscnaimh iad seo ar gá tabhairt fúthu nó a chur i bhfeidhm lena chinntiú go n-éiríonn leis an bplean seo a chur i bhfeidhm agus go bhforbraítear eispéiris atá ina gcúis mhaith le fanacht níos faide i gConamara agus ar Oileáin Árann.**

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority
WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

## CUMASÓIR 1: **Comheagar agus Comhoibriú**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-eagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **E1.1** | **Líonra Turasóireachta Chonamara agus Oileáin Árann (LTCOÁ) a bhunú,** ina bhfuil ionadaithe de gach grúpa turasóireachta áitiúla atá ag oibriú le chéile agus a chasann ar a chéile gach ceithre mhí. Teastaíonn sraith ról agus freagrachtaí agus téarmaí tagartha ón ngrúpa seo atá sainithe go soiléir chun cabhrú leis an bPlean seo a chur i bhfeidhm. | Láithreach | Grúpaí Turasóireachta PÁanna | FÉ, FORUM, CCG, ÚnaG, SPNF |
| **E1.2** | **Grúpa um Chur i bhFeidhm a Bhunú** le hionadaithe ó na gníomhaireachtaí agus beirt ionadaithe ó Líonra Turasóireachta Chonamara agus Oileáin Árann chun an tsamhail idéalach a shainaithint chun acmhainní a sholáthar do na gníomhartha agus iad a chur i bhfeidhm atá i bPlean Chósta Chonamara agus Oileáin Árann. | Láithreach | LTC LTOÁ | FÉ, FORUM, CCG, ÚnaG, LTCOÁ, SPNF |
| **E1.3** | Comhaontú a dhéanamh ar róil **an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm gníomhaireachtaí** trí cheardlann a éascaítear chun gníomhartha a chistiú amach anseo a bhaineann leis an bPlean. | Láithreach | FÉ | FORUM, CCG, ÚnaG, LTCOÁ, SPNF |
| **E1.4** | **Faisnéis a scaipeadh ar thacaíochtaí gnó. Is éard a bhainfidh leis seo:**<br>• Rochtain a sholáthar ar ábhar treorach, ar nós uirlisí Fháilte Éireann ar mhaithe leis an eispéireas cuartaíochta a fhorbairt, díolacháin agus margaíocht dhigiteach, meantóireacht, tacaíochtaí aonach trádála agus oiliúint ar fhorbairt gnó; ceanglais dlí; feidhmíocht trádála turasóireachta; margaíocht, airgeadas agus iniúchóireacht; bainistíocht acmhainní comhshaoil; barántúlacht a choimeád; agus deiseanna le haghaidh nuálaíochta;<br>• Tacú le tairiscintí táirgí a fhorbairt agus a fheabhsú, tacú le hinbhuanaitheacht, agus Cairt Bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chur in oiriúint;<br>• Acmhainní a chruthú chun traschur chun cinn a dhéanamh i measc gnólachtaí;<br>• Samhlacha fiontar sóisialta a fhiosrú a chuirfeadh táirgí ceardaí micrifhiontair ar fáil do chustaiméirí, agus a d'fhorbródh gorlanna. | Ar siúl | FÉ, CCG | FORUM, CTC, ÚnaG, FCLTC, LTCOÁ, SPNF |

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority
WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

## CUMASÓIR 2: **Feasacht an chuairteora a fheabhsú maidir le hEispéiris Chósta Chonamara agus Oileáin Árann**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **E2.1** | Tabhairt faoi **athbhreithniú ar shuíomh agus brandáil reatha** Chonamara agus Oileáin Árann laistigh de chomhthéacs Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus an Phlean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta seo. | Gearrthéarma | LTCOÁ, CCG | FÉ, FORUM, ÚnaG |
| **E2.2** | Gach gnólacht turasóireachta i gConamara agus ar Oileáin Árann a spreagadh a chinntiú go léirítear iad ar **láithreán gréasáin agus aip Shlí an Atlantaigh Fhiáin.** Leanúint leis na cainéil faisnéise seo a chur chun cinn. | Ar siúl | LTCOÁ | FÉ |
| **E2.3** | Sraith **turais taithíochta a eagrú ar mhaithe trádáil na turasóireachta laistigh de Chonamara agus Oileáin Árann**, d'fhonn go ndéantar gnáthchleachtas d'atreoruithe incheantair agus go n-íoslaghdaítear bacainní a bhraitear. | Ar siúl | LTCOÁ | FÉ |
| **E2.4** | **Oiliúint taithíochta a thabhairt isteach d'Oifigigh Faisnéise Turasóireachta Fháilte Éireann** i nGaillimh ionas gur féidir leo mórtháirgí agus eispéiris a mholadh a raibh taithí phearsanta acu orthu. | Ar siúl | FÉ | LTCOÁ, CCG |
| **E2.5** | Tús áite a thabhairt **d'imeachtaí agus conairí a chur chun cinn a dhéanann Conamara a chur chun cinn mar cheann scríbe comhtháite**, ina measc:<br>• Féile Shiúil Chonamara (1.4)<br>• Glasbhealach Chonamara (2.1)<br>• I gConamara a Rinneadh (10.3)<br>• Conair Bhia Chonamara (9.7)<br>• Conair Scríbhneoirí Chonamara agus Oileáin Árann (10.4)<br>• Taispeántais agus cúrsaí Ealaíontóirí Chonamara agus Oileáin Árann (10.6) | Ar siúl | FÉ, TÉ | LTCOÁ, CCG |

## CUMASÓIR 3: **An ceann scríbe a bheochan trí fhéilte agus imeachtaí**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| E3.1 | **Tacú le féilte reatha agus deiseanna a fhiosrú d'imeachtaí nua sa chás go gcuireann iad seo na téamaí agus eispéiris a shainaithnítear sa phlean seo chun cinn.** Ábhar spéise ar leith a bheidh sna féilte agus imeachtaí siúd a spreagann braistint de chomhtháthú agus comhoibriú laistigh de cheantair Chonamara agus Oileáin Árann araon. Ba cheart go ndéanfaí na hiarrachtaí seo i gcomhthéacs sprioc CCG chun Gaillimh a chur chun cinn mar 'an Phríomhchathair Féilte' ina mbíonn imeachtaí aitheanta ar siúl a mheallfaidh cuairteoirí idirnáisiúnta. | Ar bun go gearrthéarmach | FÉ, CCG | LTCOÁ, FORUM, ÚnaG, Diaspóra |
| E3.2 | **Féilte Aitheanta do Ghaillimh a threisiú** trí imeachtaí ábhartha a shíneadh isteach i gConamara agus go hOileáin Árann. | Ar siúl | CCG | LTCOÁ, FORUM, ÚnaG |
| E3.3 | **Treoirlínte a fhorbairt chun cabhrú le pobail féilte a chur ar bun,** ina measc comhairle a thabhairt faoi bhainistíocht dramhaíola agus acmhainní chun feabhas a chur ar ghlasú féilte tríd an bpacáiste 'Féilte um Ghlasú na Gaillimhe agus bainistíochta acmhainní' a fhorbairt; agus, acmhainní a fhorbairt chun cairdiúlacht agus óstáil imeachtaí a thaispeáint. Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní óstála féilte agus imeachtaí i mbailte agus sráidbhailte le haghaidh Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 (i.e. iniúchadh agus léarscáiliú a dhéanamh ar acmhainní, ar nós tailte CLG, cearnóga baile, páirceanna, ionaid shealadacha, rochtain ar bhóithre, páirceáil agus costais ghaolmhara, réiteach agus rioscaí timpeallachta ina measc). | Ar bun go gearrthéarmach | CCG | FÉ, LTCOÁ, LÁT, PCCE |
| E3.4 | Leanúint ag tacú leis an treocht atá ag teacht chun cinn i dtreo gníomhaíochtaí comhtháite a fhorbairt laistigh d'imeachtaí, ar nós **féilte agus conairí bia.** | Ar siúl | CCG | LTCOÁ, FORUM, ÚnaG |
| E3.5 | A chinntiú go gcuirtear gach féile chun cinn laistigh **d'Fhéilire Imeachtaí Bliantúla** CCG. Féilte agus imeachtaí a úsáid chun an séasúr turasóireachta a shíneadh agus eispéiris chuartaíochta agus phobail a fhairsingiú. | Ar siúl | CCG | LTCOÁ |
| E3.6 | Acmhainní an phobail a fhorbairt chun **monatóireacht a dhéanamh ar thionchar geilleagrach féilte agus imeachtaí agus iad a thabhairt le fios.** | Ar bun go gearrthéarmach | FÉ, CCG | LTCOÁ, FORUM, ÚnaG |

## CUMASÓIR 4: **Muinín a spreagadh agus a chothú maidir le scéalta a chomhroinnt**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| E4.1 | **Oiliúint ar leabhar oibre agus cruachóip agus ábhair thacaíochta** a thabhairt isteach go mbainfidh oibreoirí úsáid astu in oibríochtaí laethúla a ngnólachta a dhéanann níos fusa dóibh páirt a ghlacadh chun a gcuid de scéal Chósta Chonamara agus Oileáin Árann a roinnt. | Gearrthéarma | FÉ | LTCOÁ |
| E4.2 | **Tacaíocht Gnó á tabhairt do Chósta Chonamara agus Oileáin Árann** ag na gníomhaireachtaí chun cabhrú leis an bPlean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta a sholáthar. Tá anailís ar riachtanais oiliúna le riachtanais Tacaíochta Gnó a stiúradh. | Gearrthéarma | FÉ, FORUM, ÚnaG | LTCOÁ |
| E4.3 | Cúigear oibreoirí de chuid Chósta Chonamara agus Oileáin Árann a ghlacadh chun **cur chun cinn a dhéanamh ag taispeántais trádála agus tomhaltóirí** – i.e. Meitheal 2017, **a insíonn Scéalta Chósta Chonamara agus Oileáin Árann.** | Gearrthéarma | FÉ | LTCOÁ, TÉ, Trádáil |
| E4.4 | Oibreoidh LTC agus LTOÁ go dlúth le Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann chun **an preas agus an trádáil a spreagadh chun cuairteanna taithíochta a thabhairt agus tacú leo.** Díreofar go háirithe ar an séasúr a shíneadh, imeachtaí, agus cuairteoirí gnó agus iad siúd a chaitheann go leor airgid, agus scaipeadh cuairteoirí timpeall an chontae. | Gearrthéarma | LTCOÁ | FÉ, TÉ, FORUM, Trádáil |
| E4.5 | Trí Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Chósta Chonamara agus Oileáin Árann, leanúint le **gníomhaíochtaí tacaíochta Gnó atá ag príomhghníomhaireachtaí a ailíniú** chun cabhrú le gnólachtaí an Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta a sholáthar, agus feasacht agus tuiscint a mhúscailt ar an tábhacht a bhaineann le glacadh leis an bPlean laistigh dá ngnólacht, uasoiliúint a chur orthu féin agus ar a ngnólachtaí. | Meántéarma | FÉ, FORUM, ÚnaG | LTCOÁ, CCG, OOP/REOGRTG, Trádáil |
| E4.6 | Leanúint ag tacú le hAmbasadóir Bia Fháilte Éireann agus le **Cláir Ambasadóra** Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chuirfidh oideachas ar fáil agus a fhorbróidh feasacht i measc gach gnólachta i nGaillimh agus a bhfoirne ar an tábhacht a bhaineann le turasóireacht i nGaillimh. | Meántéarma | FÉ, FORUM, ÚnaG | LTCOÁ, CCG |
| E4.7 | **Tacú le tacaíocht oideachais, ceardlanna oiliúna agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) laistigh den tionscal áineasa agus eachtraíochta lena chur ar chumas iad siúd atá bainteach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**<br>• Barr feabhais a chur ar a dtáirgí eachtraíochta, scéalaíocht níos láidre a chorprú ina measc;<br>• Dea-chleachtais ábhartha a shainaithint agus a chorprú;<br>• Barr feabhais a chur ar a bhfeasacht ar oidhreacht agus cultúr na hÉireann agus ar an timpeallacht;<br>• Deiseanna a thabhairt chun solais chun seirbhísí cuimsitheacha a sholáthar agus rochtain do chách a cheadú. | Meántéarma | FÓRAM, LTCOÁ, FCLTC, Grúpaí Turasóireachta | FÉ, CCG, BOOGRC, GMIT, OÉ, Gaillimh |

## CUMASÓIR 5: **An Bonneagar Cuartaíochta a bhainistiú ar bhealach a chuirfidh Feabhas ar an Eispéireas Cuartaíochta**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháirtithe |
|---|---|---|---|---|
| **E5.1** | **Machnamh a dhéanamh ar riachtanais bhainistíochta ag príomhchinn scríbe (e.g. Pointí Radhairc agus ceantair uirbeacha) do** chuairteoirí a thaistealaíonn ar an mbus, iarnród, gluaisteán, gluaisteán leictreach, feithiclí áineasa, rothar, bád / luamh, nó le carbháin, leataobh / cuasa scoite (e.g. ag Sraith Salach), suíomhanna léirmhínithe, páirceáil agus luchtú, láithreacha ar féidir fanacht thar oíche iontu (suíomhanna campála / carbhán / feithiclí áineasa), saoráidí trá, agus saoráidí stórála do chanúnna agus rothair – agus a indéanta atá sé a fhiosrú chun freagairt ar na riachtanais seo.<br>**Acmhainní ródbhealaí a dheimhniú –** caolas bóthair agus acmhainn iompair le linn buaicthréimhsí cuairteoirí, agus a indéanta atá sé a fhiosrú chun roghanna bainistíochta bealaigh / tráchta a chur i bhfeidhm (e.g. ag Leitir Fraic agus Dumha Locha). | Gearrthéarma | CCG | FÉ, RI, ÚBN, LT |
| **E5.2** | **Tabhairt faoi mheasúnú indéantachta ar bhus tointeála a thabhairt isteach a fhreastalóidh ar Ghaillimh-an Clochán-an Líonán-Cathair na Mart.**<br>Tá an-éileamh ar sheirbhís den saghas sin ón bpobal áitiúil i gceantar an Líonáin. Ceaptar go gcuirfí feabhas mór ar inmharthanacht gnólachtaí áitiúla a phléann le cúrsaí turasóireachta trí sheirbhís a thabhairt isteach agus chuirfeadh sé seirbhís agus eispéireas barrfheabhsaithe ar fáil do na cuairteoirí siúd nach bhfuil gluaisteán acu. D'fhéadfadh sé trácht feithiclí a laghdú, chomh maith, agus cuirfidh sé feabhas ar inrochtaineacht do thaistealaithe idirnáisiúnta. | Gearrthéarma | CCG, CCM | RI, SPNF |
| **E5.3** | **Soiléireacht a lorg ó oibreoirí bád farantóireachta maidir leis na hamanna a théann na báid farantóireachta go hOileáin Árann agus a iarraidh go ndéanann siad an méid seo a leanas:**<br>• Amchláir a bharrfheabhsú lena chabhrú fanacht thar oíche a mhéadú, go háirithe i rith an idirshéasúir agus shéasúr an tsamhraidh. Trína sheachaint imeacht luath ar maidin, chuirfí feabhas ar an eispéireas, chomh maith.<br>• A chur ar chumas cuairteoirí dul ó oileán go hoileán. Ní féidir seo a dhéanamh faoi láthair. | Gearrthéarma | LTCOÁ | OFanna, LTCOÁ, CCG |
| **E5.4** | A indéanta atá sé a fhiosrú **Lúb Chonamara** a uasghrádú amach ó Shlí an Atlantaigh Fhiáin, na pointí radhairc reatha a uasghrádú ina measc ar aon dul *Plean Bonneagair agus Léirmhínithe Chonamara*, sa chás gur cuí. | Meántéarma | FÉ | CCG, LTC |

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority

WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

## CUMASÓIR 6: **Monatóireacht a dhéanamh ar an Turasóireacht Fhreagrach agus ar Thionchar na Cuartaíochta**

| Gníomhartha | | Amfhráma | An Phríomh-heagraíocht | Comhpháir-tithe |
|---|---|---|---|---|
| **E6.1** | **A indéanta atá sé a fhiosrú pleananna bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht eispéiris chuartaíochta agus an tionchar sóisialta/cultúrtha a imrítear ag príomhshuíomhanna.** Na rialuithe riachtanacha a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar eispéiris laghdaithe chuartaíochta, díobháil a dhéanamh don chomhshaol, agus tionchar diúltach a imirt ar an bpobal óstála. Príomhshuíomhanna iad Inis Oírr agus Inis Mór le monatóireacht a dhéanamh orthu agus le tús áite a thabhairt dóibh. B'fhéidir go mbeidh a leithéid de Phlean ag teastáil faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta agus measúnachtaí iomlána, sa chás gurb iomchuí. | Gearrthéarma | CCG, CCM | FÉ, TÁ |
| **E6.2** | **Machnamh a dhéanamh ar scéim éigeantach aisíoca cuairteoirí a thabhairt isteach do gach oibreoir bád farantóireachta a thugann cuairt ar Oileáin Árann.** Cosnaíonn bainistíocht cuairteoirí airgead, agus reáchtáiltear scéim aisíoca turasóirí in go leor ceantair thurasóireachta. Ar na roghanna, d'fhéadfaí euro de tháille an bháid a íoc i dtreo bainistíocht cuairteoirí. D'fhéadfadh an t-ioncam seo teacht ó sciar CCG agus chruthódh sé ciste le haghaidh bainistíocht cuairteoirí agus d'fhéadfaí é a úsáid, chomh maith, le haghaidh cistiú meaitseála do dheontais. Ba iad na comharchumainn na heagraíochtaí ba dhóchúla a dhéanfadh bainistiú ar scéim aisíoca cuairteoirí. Thug Loch Laomainn agus na Tròiseachan in Albain scéim aisíoca cuairteoirí isteach le déanaí a d'fhéadfadh bheith mar shamhail áisiúil chun athbhreithniú a dhéanamh uirthi. | Meántéarma | LTCOÁ | OFanna, FÉ, CCG |
| **E6.3** | **A spreagadh go nglacfar le cur chuige freagrach turasóireachta a dhéanann monatóireacht leanúnach ar an tionchar timpeallachta.** Tá cáilíocht na timpeallachta i gConamara agus ar Oileáin Árann mar bhonn agus taca leis an tairiscint don chuairteoir agus caithfear í a chosaint. Bainfidh ríthábhacht le torthaí na monatóireachta timpeallachta (e.g. trí Chlár Monatóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin) chun iomláine an eispéiris agus na timpeallachta a chothú. Ba cheart gnólachtaí a spreagadh chun tionchar a íoslaghdú maidir le huisce, dramhaíl agus fuinneamh, agus trí thacú le tionscnamh Fhéilte 'Gaillimh a Ghlasú' de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe. B'fhéidir go mbeidh gá le dul i ngleic le saincheisteanna bainistíochta uisce ar Inis Oírr trí riachtanas íosta fanachta dhá oíche a chur i bhfeidhm sa bhuaicshéasúr. | Gearrthéarma | CCG | RI, FÉ |
| **E6.4** | Gnólachtaí a bhaineann le cúrsaí turasóireachta a spreagadh chun tabhairt faoin **gclár Ná Fág Do Lorg.** | Ar siúl | LÁT | |
| **E6.5** | A chinntiú gur féidir le **gach duine teacht ar** eispéiris chuartaíochta Chonamara agus Oileáin Árann, sa chás gur féidir – (glactar leis go gcuireann roinnt nithe is díol spéise, ar nós Dhún Aonghasa, bac air seo). | Meántéarma | CCG | LTCOÁ |
| **E6.6** | **Íoschaighdeáin dár dtreoraithe turais** a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm (oibreoirí mionbhus agus járbhaí ina measc) ar Oileáin Árann. A sheachaint iad siúd a chur chun cinn nach gcomhlíonann íoschaighdeáin soláthair eispéiris atá ar ardchaighdeáin agus atá sábháilte. | Gearrthéarma | CCG, FÉ | LTCOÁ, PÁanna |

## BEARTA CHUN RATH A THOMHAS

Mar chuid den chreat chun eispéiris chuartaíochta nach ndéanfar dearmad orthu a fhorbairt, tá Fáilte Éireann tiomanta do chloí le prionsabail na Turasóireachta Freagraí, faoi mar a leagtar amach i nDearbhú Cape Town (2002). Ina thaobh sin, bunaíodh na bearta ratha seo a leanas maidir leis na ceithre phríomhghné den Turasóireacht Fhreagrach: cothromaíocht idir cuairteoirí, an tionscal, an pobal agus an timpeallacht. Feidhmeoidh na bearta seo mar limistéir phríomhtháscaire feidhmíochta ar cheart tuairisciú bliantúil a dhéanamh orthu lena chabhrú a chinntiú go mbaintear borradh freagrach agus inbhuanaithe amach i réigiún Chósta Chonamara agus Oileáin Árann.



| Táscaire Feidhmíochta | Beart | Foinse |
|---|---|---|
| Cuairteoirí | | |
| Meanfhad na fanachta a mhéadú | Oícheanta agus Líonta na gCuairteoirí | Staitisticí FÉ |
| Feachtas branda /tairisceana a fhe-abhsú | Trácht Láithreán Gréasáin | Anailísíocht Google |
| Sásamh cuairteoirí a fheabhsú | Suirbhé ar Shásamh Cuairteoirí a fheabhsú | Suirbhé ar Dhaoine atá ag Dul ar Saoire |
| Fad an tséasúir a shíneadh | Cuairt Seachbhuaice | Staitisticí FÉ |
| Glacadh le príomhtheachtaireachtaí cuairteora a mhéadú | Haischlibeanna a úsáid | Na Meáin Shóisialta |
| An Tionscal | | |
| Eispéireas cuartaíochta a mhéadú | Caiteachas Cuairteoirí | Staitisticí FÉ |
| Poist a bhaineann leis an turasóireacht a mhéadú | An Líon Daoine atá Fostaithe in Earnálacha a bhaineann leis an Turasóireacht | An Phríomh-Oifig Staid-rimh |
| Glacadh le príomhtheachtaireachtaí sa tionscal a mhéadú | Haischlibeanna a úsáid | Na Meáin Shóisialta |
| An Pobal | | |
| Measúnú a dhéanamh ar thionchar pobail agus feabhas a chur ar thuairimí an phobail faoin turasóireacht | Suirbhé ar an bPobal | Le dearadh |
| An bhaint a bhíonn ag Cumann Pobail le Coistí Turasóireachta | Coistí Turasóireachta Áitiúla a dhéanann Ion-adaíocht don Phobal | Tuarascálacha Coiste Turasóireachta |
| Baint an phobail a mhéadú | Rannpháirtíocht in Imeachtaí | Eagarthóirí Imeachtaí |
| An Timpeallacht | | |
| Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an timpeallacht, sócmhainní nádúrtha, cultúrtha agus oidhreachta ina measc | Tionchar Timpeallachta Príomhláithreán | Clár Monatóireachta Timpeallachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin de chuid FÉ |
| Glacadh le prionsabail Leave No Trace i measc na trádála | Líon na Trádála ar Glacadh leo | Láithreáin Ghréasáin Trádála |

# 6 AGUISÍN



Chuathas i gcomhairle le réimse fairsing páirtithe leasmhara fad a bhí an plean seo á ullmhú.

**I measc na n-eagraíochtaí agus na ngníomhaireachtaí aonair, tá an méid a leanas:**

- Cumann Tráchtála an Chlocháin
- Coiste Forbartha an Spidéil, Indreabhán
- Comhar na nOileán CTR
- Comhairle Cheantar na nOileán, Leitir Móir
- Fáilte Éireann
- Forbairt Chonamara Láir Teo, Carna
- FORUM Connemara Ltd
- Comhairle Contae na Gaillimhe
- Cuideachta Forbartha Inis Bó Finne
- Comharchumann Inis Mór
- Mainistir na Coille Móire
- Cumann Forbartha an Líonáin
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Oifigeach Áineasa Tuaithe
- Údarás na Gaeltachta

Bhain buntábhacht le dearcthaí pobail áitiúil feadh Chósta Chonamara agus ar Oileáin Árann nuair a bhí an plean á fhorbairt.

Cuireadh cruinnithe poiblí ar bun i naoi láthair agus d'fhreastail 330 duine orthu i gcaitheamh tréimhse 10 lá i rith Eanáir 2017.

Ba mhaith le TEAM Tourism an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo siúd go léir a d'fhreastail ar na cruinnithe seo agus a chas ar a chéile ar an láthair – dá n-ionchur, comhairle agus fáilteachas flaithiúil.

Chomh maith leis an gcomhairliúchán, chuir líon mór **pleananna agus straitéisí** faisnéis ar fáil don phlean seo. Áirítear leo seo:

- Forbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta – Straitéis Infheistíochta 2016-2022, Fáilte Éireann
- Clár Oibríochtúil Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2015-2019, Fáilte Éireann
- Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2021
- Gaillimh a fhad le 2025 – Dréacht-Straitéis Turasóireachta do Ghaillimh
- Treonna Nua don Turasóireacht san Iarthar, Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉire-ann (ITIC)
- Plean Léirmhínithe Oileáin Árann, URS 2012
- Plean Bonneagair agus Léirmhínithe Chonamara, Cuideachta Paul Hogarth, 2012
- FORUM Connemara Ltd – Straitéis Forbartha Áitiúla 2014-2021
- FORUM Connemara Ltd – Próifíl Cheantair na Straitéise Forbartha Áitiúla
- Measúnú ar Chonairí Áineasa – Páirc Náisiúnta Chonamara, Oifig na gCosán Náisiúnta, 2015
- Staidéar ar Áineas Allamuigh san Iarthar, Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair, 2014
- Glasbhealach Chonamara – ón gClochán go hUachtar Ard – Ráiteas Tionchair Natura, TSC 2012
- Staidéar Indéantachta ar Mhol Eachtraíochta an Líonáin-Fhiord an Chaoláire Rua, 2013
- Léargas Ginearálta Achoimre ar an mBonnlíne Gheilleagrach – Contae na Gaillimhe
- From the Ground Up - Feeding our Future
- Tuarascáil ar – Clár Píolótach an Ghormbhealaigh 2014

Cumarsáid ríomhphoist i ndáil le straitéisí atá á bhforbairt ag:

- Údarás na Gaeltachta
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra – Páirc Náisiúnta Chonamara
-

# A2 – TURASÓIREACHT FHREAGRACH



Is iomaí rud atá i gceist le taisteal freagrach agus, cé go dtabharfaidh cinn scríbe agus páirtithe leasmhara éagsúla tús áite do rudaí éagsúla, rachaidh siad go léir sa tóir ar na gnéithe coiteanna seo a leanas a bhaint amach:

- Tionchar diúltach geilleagrach timpeallachta agus sóisialta a íoslaghdú;
- Tairbhí geilleagracha níos mó a chruthú do dhaoine áitiúla agus barr feabhais a chur ar fholláine pobail óstála, feabhas a chur ar choinníollacha oibre agus rochtain ar an tionscal;
- Daoine áitiúla a thabhairt san áireamh i gcinntí a imríonn tionchar ar a saol agus ar athruithe ina saol;
- Cur go mór le caomhnú na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha, le héagsúlacht an domhain a chothú;
- Níos mó eispéiris thaitneamhacha a sholáthar do chuairteoirí trí cheangail níos bríche a dhéanamh le daoine áitiúla, agus tuiscint níos fearr a bheith ar shaincheisteanna áitiúla cultúrtha, sóisialta agus comhshaoil;
- Rochtain a sholáthar do dhaoine a bhfuil dúshlán fisiciúil rompu;
- Meas idir turasóirí agus muintir an tí a spreagadh - a bheith íogair i dtaobh cultúir de, agus bród agus muinín áitiúil a chothú.





Féadtar a mheas gurb ionann Turasóireacht Fhreagrach agus iompar. Tá níos mó i gceist leis ná cineál turasóireachta, mar gheall go bhfuil cur chuige i gceist leis i dtaobh idirchaidreamh a dhéanamh leis an turasóireacht, bíodh turasóir, gnólacht, daoine áitiúla laistigh de cheann scríbe nó aon pháirtí leasmhar eile i gceist. Leagann sé an bhéim air go bhfuil gach páirtí leasmhar freagrach as an gcineál turasóireachta a fhorbraíonn siad nó a dtugann siad faoi. I gcomhthéacs forbairt turasóireachta i gConamara, bíonn sé buntábhachtach go dtiteann aon fhorbairt den chineál sin amach i gcomhréir leis na nósanna imeachta cearta pleanála agus timpeallachta, agus nach n-imríonn sé tionchar diúltach ar an timpeallacht áitiúil.
Cé go gcaithfidh grúpaí éagsúla le turasóireacht fhreagrach ar bhealaí éagsúla, is é an comhthuiscint gur cheart go dtiocfadh feabhas ar an turasóireacht. Ba cheart go dtiocfadh 'feabhas' ar an 'tionscal' mar thoradh ar chur chuige na turasóireachta freagraí. Aithnítear, i gcoincheap an fheabhsaithe, gur gá leasanna a thagann salach ar a chéile a chur i gcothromaíocht. Is é an cuspóir, áfach, chun áiteanna níos fearr a chruthú do dhaoine le cónaí iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.



*"People will forget what you said, they will forget what you did, but they will never forget how you made them feel"*

*"Déanfar dearmad ar a ndúirt tú, ar a ndearna tú, ach ní dhéanfar dearmad go deo ar na mothúcháin a spreag tú"*

- Maya Angelou

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority

WILD ATLANTIC WAY®
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN